# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 198

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 65**

**16 Bealtaine 2022**

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2022/C 198/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2022/C 198/02 Cásanna uamtha C-529/18 P agus C-531/18 P: Breithiúnas na Cúirte (an tríú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – PJ v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Erdmann & Rossi GmbH (C-529/18 P), PC v PJ, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Erdmann & Rossi GmbH (C-531/18 P) (Achomharc – Prionsabail dhlí an Aontais – Airteagal 19 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – Ionadaíocht na bpáirtithe i gcaingne díreacha os comhair Chúirteanna an Aontais – Dlíodóir le stádas tríú páirtí i ndáil leis an iarratasóir – Ceanglas maidir le neamhspleáchas – Dlíodóir atá ag cleachtadh mar chomhlach i ngnólacht dlí – Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) . . . . . 2

2022/C 198/03 Cás C-508/19: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy – an Pholainn) – M. F. v J. M. (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 267 CFAE – Gá leis an léirmhíniú arna iarraidh chun go bhféadfaidh an chúirt a rinne an tarchur breithiúnas a thabhairt – Coincheap – Tionscnamh imeachtaí araíonachta i gcoinne breitheamh de ghnáthchúirt – Ainmniú na cúirte araíonachta inniúla chun na himeachtaí sin a éisteacht agus a chinneadh ag Uachtarán an Dlísheomra Araíonachta den Sąd Najwyższy (Cúirt Uachtarach, an Pholainn) – Caingean shibhialta maidir le heaspa caidreamh fostaíochta idir Uachtarán an Dlísheomra Araíonachta sin agus an Chúirt Uachtarach – Easpa inniúlachta na cúirte a rinne an tarchur chun bailíocht ceapacháin breithimh den Chúirt Uachtarach a scrúdú agus neamh-inghlacthacht caingne den sórt sin de bhun an dlí náisiúnta – Neamh-inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú) . . . . . 3

GA

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 198/04 | Cás C-117/20: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Bruxelles – an Bheilg) – bpost SA v Autorité belge de la concurrence (Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Seirbhísí poist – Córas praghsála arna ghlacadh ag soláthraí seirbhíse uilíche – Fíneáil arna forchur ag údarás rialála náisiúnta na hearnála poist – Fíneáil arna forchur ag údarás iomaíochta náisiúnta – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 50 – An prionsabal ne bis in idem – An cion céanna a bheith ann – Airteagal 52(1) – Teorainneacha ar an bprionsabal ne bis in idem – Carnadh imeachtaí agus pionós – Coinníollacha – Cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú – Comhréireacht) | 3 |
| 2022/C 198/05 | Cás C-151/20: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) – Bundeswettbewerbsbehörde v Nordzucker AG, Südzucker AG, Agrana Zucker GmbH (Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Airteagal 101 CFAE – Cairtéal ar thug dhá údarás náisiúnta iomaíochta imeachtaí ina choinne – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 50 – An prionsabal ne bis in idem – An cion céanna a bheith ann – Airteagal 52 (1) – Teorainneacha ar an bprionsabal ne bis in idem – Coinníollacha – Cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú – Comhréireacht) | 4 |
| 2022/C 198/06 | Cás C-245/20: Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Midden-Nederland – an Ísiltír) – X, Z v Autoriteit Persoonsgegevens (Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Inniúlacht an údaráis mhaoirseachta – Airteagal 55(3) – Oibríochtaí próiseála cúirteanna atá ag gníomhú ina gcáil bhreithiúnach – Coincheap – Doiciméid ó imeachtaí dlíthiúla ina bhfuil sonraí pearsanta a sholáthar d'iriseoir) | 5 |
| 2022/C 198/07 | Cás C-433/20: Breithiúnas na Cúirte (an dara dlísheomra) an 24 Márta 2022 (tarchur chun réamhrialú ó Oberlandesgericht Wien – an Ostair) – Austro-Mechana Gesellschaft zur Wahrnehmung mechanisch-musikalischer Urheberrechte Gesellschaft mbH v Strato AG (Tarchur chun réamhrialú – Gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise – Treoir 2001/29/CE – Airteagal 2 – Atáirgeadh – Airteagal 5(2)(b) – Eisceacht maidir le cóipeáil phríobhaideach – Coincheap na "meáin uile" – Freastalaithe de chuid tríú páirtithe arna gcur ar fáil do dhaoine nádúrtha le haghaidh úsáide príobháidí – Cúiteamh cóir – Reachtaíocht náisiúnta nach gcuirtear soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta faoi réir an tobhaigh ar chóipeáil phríobháideach leis) | 5 |
| 2022/C 198/08 | Cás C-533/20: Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 iarraidh ar réamhrialú ón Kúria – an Ungáir) – Somogy Megyei Kormányhivatal v Upfield Hungary Kft. (Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 – Faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí – Lipéadú – Sonraí sainordaitheacha – Liosta na gcomhábhar – Ainm sonrach na gcomhábhar sin – Vitimín breise a chur le hearra bia – Oibleagáid ainm sonrach an vitimín sin a lua – Easpa oibleagáide chun an fhoirmle vitimín a úsáidtear a lua) | 6 |
| 2022/C 198/09 | Cás C-656/20: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an seachtú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – Hermann Albers eK v An Coimisiún Eorpach, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Land Niedersachsen (An Ghearmáin) (Achomharc – Státchabhair – Coincheap "cabhair" – Iompar poiblí do phaisinéirí – Cúiteamh i leith costas a eascraíonn as oibleagáidí seirbhíse poiblí – Acmhainní airgeadais a aistriú idir riaracháin phoiblí – Oibleagáid ar údaráis áitiúla a eagraíonn iompar chun táillí laghdaithe a ráthú do mhic léinn agus do phrintísigh – Buntáiste ar bith arna dheonú ag an Stát do chuideachta – Oibleagáid fógra a thabhairt) | 7 |
| 2022/C 198/10 | Cás C-666/20 P: Breithiúnas na Cúirte (an seachtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – Gesamtverband Verkehrsgewerbe Niedersachsen eV (GVN) (an Ghearmáin) v Commission européenne, République fédérale d'Allemagne, Land Niedersachsen (an Ghearmáin) | 7 |
| 2022/C 198/11 | Cás C-697/20: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an séú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – (tarchur chun réamhrialú ó Naczelny Sąd Administracyjny – An Pholainn) – W.G. v Dyrektor Izby Skarbowej w L. (Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 9 – Duine inchánach – Airteagail 295 agus 296 – Scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí – Céilí i mbun gníomhaíochta talmhaíochta ag baint úsáid as maoin atá mar chuid de mhaoin choitianta an phósta – An fhéidearthacht go measfaí na céilí sin a bheith mar dhaoine inchánach ar leithligh chun críocha CBL – Rogha duine de na céilí an stádas mar fheirmeoir ar ráta comhréidh a tharscaoileadh agus a ghníomhaíocht a chur faoin ngnáthchóras CBL – An chéile eile ag cailleadh an stádais mar fheirmeoir ar ráta comhréidh) | 7 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 198/12 | Cás C-711/20: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší správní soud – Poblacht na Seice) – TanQuid Polska Sp. z o. o. v Generální ředitelství cel (Tarchur chun réamhrialú – Dleachtanna máil – Treoir 92/12/CE – Airteagal 4 – Gluaiseacht táirgí faoi fhionraí dleachta máil – Coinníollacha – Airteagail 6 agus 20 – Táirgí a chur ar fáil lena dtomhailt – An doiciméad riaracháin tionlacain a fhalsú – Sárú nó neamhrialtacht a rinneadh le linn ghluaiseacht na dtáirgí atá faoi scéim fionraíochta dleachta máil – Táirgí a bhaint go neamhrialta as córas fionraíochta – Faighteoir gan eolas faoin ngluaiseacht – Calaois arna déanamh ag tríú páirtí – Airteagal 13(a) agus Airteagal 15(3) – Ráthaíocht éigeantach maidir le gluaiseacht – Réim) . . . . . . . | 8 |
| 2022/C 198/13 | Cás C-723/20: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an cúigiú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – (tarchur chun réamhrialú ón Bundesgerichtshof – An Ghearmáin) – Galapagos BidCo. S.a.r.l. v DE, i gcáil leachtaitheoir de Galapagos S.A., Hauck Aufhäuser Fund Services S.A., Prime Capital S.A. (Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (AE) 2015/848 – Imeachtaí dócmhainneachta – Airteagal 3(1) – Dlínse idirnáisiúnta – Lárionad phríomhleasa an fhéichiúnaí a aistriú chuig Ballstát eile tar éis iarratas a thaisceadh chun príomhimeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 9 |
| 2022/C 198/14 | Cás C-726/20: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón gComhairle Stáit – an Bheilg) – CT, Ferme de la Sarte SPRL v Réigiún na Vallúine (Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) – Maoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) – Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 – Airteagal 17(1)(b) – Cabhair infheistíochta a bhaineann le próiseáil, le margaíocht agus/nó le forbairt táirgí talmhaíochta arna gcumhdach le hIarscríbhinn I den Chonradh FAE – Coincheap "táirgí talmhaíochta" – Coincheapa "plandaí beo" agus "táirgí bláthanna" – Rollaí móna chun díonta glasa a fhorbairt) . . . . . . . . . . . . | 9 |
| 2022/C 198/15 | Cás C-125/21: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – an Coimisiún Eorpach v Éire (Imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Aitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach – Cinneadh Réime 2008/909/CGB – Mainneachtain na bearta is gá a ghlacadh chun an Cinneadh Réime a chomhlíonadh – Mainneachtain cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 10 |
| 2022/C 198/16 | Cás C-126/21: Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – an Coimisiún Eorpach v Éire . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 10 |
| 2022/C 198/17 | Cás C-130/21 P: Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – Lukáš Wagenknecht v an Coimisiún Eorpach (Achomharc – Cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh – Calaois a chomhrac – Creat airgeadais ilbhliantúil – Coinbhleacht leasa líomhnaithe Phríomh-Aire Phoblacht na Seice – Iarratas chun cosc a chur ar Phríomh-Aire Phoblacht na Seice bualadh le Coláiste na gCoimisinéirí Eorpacha – Iarratas chun deireadh a chur le híocaíochtaí díreacha i mbuiséad an Aontais le grúpaí áirithe agraibhia – Mainneachtain gníomhú – Easpa gníomhaíochta líomhnaithe ag an gCoimisiún Eorpach – Comhdhéanamh Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh – Easpa neamhchlaontachta líomhnaithe – Neamh-inghlacthacht na gníomhaíochta – Páipéar seasaimh – Seasamh dlíthiúil – Leas in imeachtaí a thionscnamh) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 11 |
| 2022/C 198/18 | Cás C-82/20: Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Chúirt Réigiúnach Rodez – an Fhrainc) – BNP Paribas Personal Finance SA v AN, CN (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Comhaontú iasachta morgáiste atá ainmnithe in airgeadra eachtrach (Franc na hEilvéise) – Airteagal 4(2) – Príomhchuspóir an chonartha – Téarmaí lena gcuirtear an t-iasachtaí faoi riosca malairte eachtraí – Ceanglais intuigtheachta agus trédhearcachta – Airteagal 3(1) – Éagothroime shuntasach – Airteagal 5 – Téarma conarthach a dhréachtú go soiléir agus go hintuigthe) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 11 |
| 2022/C 198/19 | Cás C-609/21: Ordú na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 25 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Spetsializiran nakazatelen sad – an Bhulgáir) – imeachtaí coiriúla in aghaidh IP, DD, ZI, SS, HYA (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Airteagal 4(3) CAE – Airteagal 267 CFAE – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 47, an dara mír – Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Inneachar na hiarrata ar réamhrialú – Riail náisiúnta lena ndéantar foráil go ndiúltóidh an chúirt nó an binse coiriúla náisiúnta dlínse as seasamh a ghlacadh ar chúlra fíorasach an cháis san iarraidh ar réamhrialú, faoi phionós go ndéanfar an cinneadh ar thuillteanais an cháis a neamhniú – Airteagal 18 CFAE – Airteagal 21(2) den Chairt – Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – Oibleagáid na gcúirteanna agus binsí náisiúnta an Ballstát lena mbaineann siad a chur ar an eolas faoi aon iarraidh ar réamhrialú arna dhíriú ar an gCúirt Bhreithiúnais) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 12 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 198/20 | Cás C-659/21: Ordú na Cúirte (an tOchtú dlísheomra) an 30 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Relação de Lisboa – an Phortaingéil) – Orbest, SA v CS, QN, OP agus Eile (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Iompar eitlíochta – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu – Airteagal 5(3) – Díolúine ó chúram an chúitimh – An coincheap "imthosca eisceachtúla" – Cliseadh teicniúil an eitleáin toisc gur bhuail feithicil lónadóireachta le triú páirtí faoin eitleán sin agus é páirceáilte ag an aerfort) | 13 |
| 2022/C 198/21 | Cás C-608/21: Iarraidh ar réamhrialú ó: Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 29 Meán Fómhair 2021 – XN v Oifigeach póilíneachta ag 2 RU SDVR | 13 |
| 2022/C 198/22 | Cás C-743/21 P: Achomharc arna thabhairt an 2 Nollaig 2021 ag Marina Yachting Brand Management Co. Ltd i gcoinne Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Meán Fómhair 2021 i gCás T-169/20, Marina Yachting Brand Management v EUIPO – Industries Sportswear | 13 |
| 2022/C 198/23 | Cás C-744/21 P: Achomharc arna thabhairt an 2 Nollaig 2021 ag Henry Cotton's Brand Management Co. Ltd i gcoinne Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Meán Fómhair 2021 i gCás T-173/20, Henry Cotton's Brand Management v EUIPO – Industries Sportswear | 14 |
| 2022/C 198/24 | Cás C-774/21 P: Achomharc arna thabhairt an 10 Nollag 2021 ag NB i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 28 Meán Fómhair 2021 i gCás T-648/20, NB v Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 14 |
| 2022/C 198/25 | Cás C-819/21: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgerichts Aachen (an Ghearmáin) a taisceadh an 22 Nollag 2021 – Staatsanwaltschaft Aachen | 14 |
| 2022/C 198/26 | Cás C-831/21 P: Achomharc arna thabhairt an 28 Nollaig 2021 ag Fachverband Spielhallen eV agus LM i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Deireadh Fómhair 2021 i gCás T-510/20, Fachverband Spielhallen agus LM v Coimisiúin | 14 |
| 2022/C 198/27 | Cás C-17/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht München (an Ghearmáin) arna taisceadh an 7 Eanáir 2022 – HTB Neunte Immobilien Portfolio geschlossene Investment UG & Co. KG v Müller Rechtsanwaltsgesellschaft mbH | 15 |
| 2022/C 198/28 | Cás C-18/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht München (an Ghearmáin) arna taisceadh an 7 Eanáir 2022 – Ökorenta Neue Energien Ökostabil IV geschlossene Investment GmbH & Co. KG v WealthCap Photovoltaik 1 GmbH Co. KG, WealthCap PEIA Komplementär GmbH agus WealthCap Investorenbetreuung GmbH | 15 |
| 2022/C 198/29 | Cás C-21/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Opolu (an Pholainn) a taisceadh an 7 Eanáir 2022 – OP | 16 |
| 2022/C 198/30 | Cás C-22/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 7 Eanáir 2022 – T. S.A. v Przewodniczący Krajowej Rady Radiofonii i Telewizji | 17 |
| 2022/C 198/31 | Cás C-41/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Erfurt (an Ghearmáin) arna taisceadh an 18 Eanáir 2022 – XXX v Helvetia schweizerische Lebensversicherungs-AG | 17 |
| 2022/C 198/32 | Cás C-43/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 18 Eanáir 2022 – Prokurator Generalny | 18 |
| 2022/C 198/33 | Cás C-47/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Ostair) arna taisceadh an 21 Eanáir 2022 – Apotheke B. v Bundesamt für Sicherheit im Gesundheitswesen (BASG) | 19 |
| 2022/C 198/34 | Cás C-60/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) arna taisceadh an 1 Feabhra 2022 – UZ v Bundesrepublik Deutschland | 20 |
| 2022/C 198/35 | Cás C-96/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéil) a taisceadh an 11 Feabhra 2022 – Companhia de Distribuição Integral Logista Portugal, S.A. v Autoridade Tributária e Aduaneira | 20 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 198/36 | Cás C-98/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Paris (an Fhrainc) a taisceadh an 14 Feabhra 2022 – Eurelec Trading SCRL v Ministre de l'Économie et des Finances, Scabel SA, Groupement d'Achat des Centres Édouard Leclerc (GALEC), Association des Centres distributeurs Édouard Leclerc (ACDLEC) | 21 |
| 2022/C 198/37 | Cás C-141/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landesgericht für Zivilrechtssachen Graz (an Ostair) arna taisceadh an 28 Feabhra 2022 – TLL The Longevity Labs GmbH v Optimize Health Solutions$_{mi}$ GmbH agus BM | 21 |
| 2022/C 198/38 | Cás C-166/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire) a taisceadh an 25 Feabhra 2022 – Hellfire Massy Residents Association v An Bord Pleanála, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Éire, An tArd-Aighne | 22 |
| 2022/C 198/39 | Cás C-221/22 P: Achomharc arna tabhairt an 28 Márta 2022 ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Seachtú Dlísheomra) an 19 Eanáir 2022 i gCás T-610/19, Deutsche Telekom AG v an Coimisiún Eorpach | 24 |
| 2022/C 198/40 | Cás C-155/21: Ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 8 Nollaig 2021 (iarraidh ar réamhrialú ón Svea Hovrätt – an tSualainn) – Republiken Italien v Athena Investments A/S (ar a dtugtaí Greentech Energy Systems A/S roimhe seo) agus Páirtithe Eile, | 25 |
| | **Chúirt Ghinearálta** | |
| 2022/C 198/41 | Cásanna uamtha T- 684/19 agus T-704/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – MEKH agus FGSZ v ACER | 26 |
| 2022/C 198/42 | Cás T-757/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Nollag 2021 – HB v BEI | 26 |
| 2022/C 198/43 | Cás T-10/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – An Iodáil v An Coimisiún | 26 |
| 2022/C 198/44 | Cás T-113/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – BSEF v An Coimisiún | 26 |
| 2022/C 198/45 | Cás T-249/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Sabra v an Chomhairle (An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha i gcoinne na Siria – Reo na gcistí – Earráid measúnaithe – Critéir de mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria – Toimhde de cheangal le réimeas na Siria – Toimhde a fhrisnéis) | 27 |
| 2022/C 198/46 | Cás T-333/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Márta 2022 – Fidia farmaceutici v EUIPO – Giuliani (IALO TSP) | 27 |
| 2022/C 198/47 | Cás T-456/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – LA v An Coimisiún | 28 |
| 2022/C 198/48 | Cás T-468/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Kühne v An Pharlaimint | 28 |
| 2022/C 198/49 | Cás T-474/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – LD v An Coimisiún | 28 |
| 2022/C 198/50 | Cás T-511/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Zardini v An Coimisiún | 28 |
| 2022/C 198/51 | Cás T-556/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Márta 2022 – D & A Pharma v An Coimisiún agus EMA | 28 |
| 2022/C 198/52 | Cás T-579/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Márta 2022 – Genekam Biotechnology v an Coimisiún (Comhaontú deontais arna thabhairt i gcrích mar chuid den seachtú Chláir Réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013) – Tionscadal Fibrogelnet – Éileamh a aisghabháil – Sásra cumhdaigh riosca – Éileamh a aisghabhtar iarbhír ón gciste ráthaíochta – Cinneadh lena mbunaítear oibleagáid airgid infheidhmithe – Airteagal 299 CFAE – Dlínse údar an ghnímh – Deireadh le rannpháirteachas an iarratasóra sa tionscadal – Costais incháilithe – Tuarascálacha agus bunspriocanna inghnóthaithe) | 29 |
| 2022/C 198/53 | Cás T-661/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – NV v eu-LISA | 29 |
| 2022/C 198/54 | Cás T-730/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – ON v An Coimisiún | 29 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 198/55 | Cás T-757/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – OT v An Pharlaimint . . . . . . . | 30 |
| 2022/C 198/56 | Cás T-766/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – PrenzMarien v EUIPO – Molson Coors Brewing Company (UK) (STONES) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 30 |
| 2022/C 198/57 | Cás T-113/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Team Beverage v EUIPO (Beverage Analytics) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 30 |
| 2022/C 198/58 | Cás T-132/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Telefónica Germany v EUIPO (LOOP) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 30 |
| 2022/C 198/59 | Cás T-146/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Vetpharma Animal Health v EUIPO– Deltavit (DELTATIC) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 30 |
| 2022/C 198/60 | Cás T-196/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an du 9 Márta 2022 – Lea Nature Services v EUIPO Debonair Trading Internacional (SO…?) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 31 |
| 2022/C 198/61 | Cás T-197/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 –Lea Nature Services v EUIPO – Debonair Trading Internacional (SO…?) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 31 |
| 2022/C 198/62 | Cás T-204/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Stryker v EUIPO (RUGGED) . . . | 31 |
| 2022/C 198/63 | Cás T-252/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Hrebenyuk v EUIPO (Forme d'un col montant) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 31 |
| 2022/C 198/64 | Cás T-281/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Nowhere v EUIPO – Ye (APE TEES) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh APE TEES – Marcanna fíortha náisiúnta níos luaithe neamhchláraithe ina léirítear moncaí – Foras coibhneasta le diúltú – Airteagal 8(4) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [anois: Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001] – Córas na caingne faoin dlí coiteann maidir le bréagthairiscint (action for passing off) – Comhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as Euratom) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 32 |
| 2022/C 198/65 | Cás T-314/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – TA v An Pharlaimint . . . . . . . | 32 |
| 2022/C 198/66 | Cás T-315/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Laboratorios Ern v EUIPO – Nordesta (APIAL) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 32 |
| 2022/C 198/67 | Cás T-465/21: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Ionfarma v EUIPO – LG Electronics (AION) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarraidh ar fhocalmharc an Aontais Eorpaigh "AION" – Marcanna fíortha náisiúnta níos luaithe "ION" agus focalmharc níos luaithe "IONFARMA" – Foras coibhneasta maidir le diúltú – Easpa cosúlachta idir na hearraí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 33 |
| 2022/C 198/68 | Cás T-338/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Márta 2022 – KI v eu-LISA . . . . . . . . . . . . . . . . | 33 |
| 2022/C 198/69 | Cás T-727/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Kirimova v EUIPO . . . . . . . . . . . . | 33 |
| 2022/C 198/70 | Cás T-114/21: Órdú na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2022– Growth Finance Plus v EUIPO (doglover) | 34 |
| 2022/C 198/71 | Cás T-115/21: Órdú na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2022 Growth Finance Plus v EUIPO (catlover) | 34 |
| 2022/C 198/72 | Cás T-220/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2022 – Thomas Henry v EUIPO . . . . . . . . | 34 |
| 2022/C 198/73 | Cás T-382/21: Órdú na Cúirte Ginearálta an 7 Márta 2022 – the airscreen company v EUIPO – Moviescreens Rental (airscreen) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 34 |
| 2022/C 198/74 | Cás T-632/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2022 – Agreiter agus páirtithe eile v an Coimisiún (Caingean le haghaidh neamhniú – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Athrú ar an údarú margaíochta coinníollach mar tháirge íocshláinte lena úsáid ag an duine do Spikevax, – Vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19 (núicléisíd-modhnaithe) – Easpa suime sa ghníomhú – Easpa sannadh díreach – Easpa sannadh aonair – Neamh-inghlacthacht) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . | 35 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 198/75 | Cás T-135/22: Caingean arna tabhairt an 11 Márta 2022 – Deckers Outdoor v EUIPO – Chunxian (TULEUGG) | 35 |
| 2022/C 198/76 | Cás T-136/22: Caingean arna tabhairt an 10 Marta 2022 – Hamoudi v Frontex | 36 |
| 2022/C 198/77 | Cás T-137/22: Caingean arna tabhairt an 14 Márta 2022 – an Ísiltír v an Coimisiún | 37 |
| 2022/C 198/78 | Cás T-138/22: Caingean arna tabhairt an 15 Márta 2022. – HCP v EUIPO – Timm Health Care (PYLOMED) | 38 |
| 2022/C 198/79 | Cás T-142/22: Caingean arna tabhairt an 15 Márta 2022 – Landesbank Baden-Württemberg v SRB | 38 |
| 2022/C 198/80 | Cás T-145/22: Caingean arna tabhairt an 17 Márta 2022 – CEDC International v EUIPO – Underberg (Cruth bhrobh féir i mbuidéal) | 40 |
| 2022/C 198/81 | Cás T-146/22: Caingean arna tionscnamh an 16 Márta 2022 – Ryanair v an Coimisiún | 40 |
| 2022/C 198/82 | Cás T-147/22: Caingean arna tabhairt an 18 Márta 2022 – Pinar Kuruyemiş Gida Ve Ihtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret v EUIPO – Yadex International (pinar KURUYEMIŞ) | 41 |
| 2022/C 198/83 | Cás T-148/22: Caingean arna tabhairt an 18 Márta 2022 – Pinar Kuruyemiş Gida Ve Ihtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret v EUIPO – Yadex International (pinar KURUYEMIŞ) | 42 |
| 2022/C 198/84 | Cás T-150/22: Caingean arna tabhairt an 21 Márta 2022 – Lilly Drogerie v EUIPO – Lillydoo (LILLYDOO kids) | 43 |
| 2022/C 198/85 | Cás T-151/22: Caingean arna tionscnamh an 18 Márta 2022 – General Wire Spring v EUIPO (GENERAL PIPE CLEANERS) | 43 |
| 2022/C 198/86 | Cás T-153/22: Caingean arna tabhairt an 21 Márta 2022 – Volkswagen v EUIPO – XTG (XTG) | 44 |
| 2022/C 198/87 | Cás T-154/22: Caingean arna tabhairt an 21 Márta 2022 – Volkswagen v EUIPO – XTG (XTG) | 45 |
| 2022/C 198/88 | Cás T-155/22: Caingean arna tabhairt an 16 Márta 2022 – Korporaciya "Masternet" v EUIPO – Stayer Ibérica (STAYER) | 45 |
| 2022/C 198/89 | Cás T-159/22: Caingean arna tabhairt an 23 Márta 2022 – Sanetview v EUIPO – 2boca2catering (Las Cebras) | 46 |
| 2022/C 198/90 | Cás T-161/22: Caingean arna tabhairt an 25 Márta 2022 – Ortega Montero v an Pharlaimint | 46 |
| 2022/C 198/91 | Cás T-162/22: Caingean arna tabhairt an 24 Márta 2022 OQ v An Coimisiún | 47 |
| 2022/C 198/92 | Cás T-165/22: Caingean arna tabhairt an 29 Máirt 2022 – Saure v an Coimisiún | 48 |
| 2022/C 198/93 | Cás T-400/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Márta 2022– El Corte Inglés v EUIPO – Rudolf Böckenholt (LLOYD'S) | 49 |
| 2022/C 198/94 | Cás T-740/21: Ordú na Cúirte Ghinearálta an 17 Márta 2022 – Alcogroup agus Alcodis v an Coimisiún | 49 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 198/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 191, 10.5.2022

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 171, 25.4.2022

IO C 165, 19.4.2022

IO C 158, 11.4.2022

IO C 148, 4.4.2022

IO C 138, 28.3.2022

IO C 128, 21.3.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Breithiúnas na Cúirte (an tríú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – PJ v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Erdmann & Rossi GmbH (C-529/18 P), PC v PJ, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Erdmann & Rossi GmbH (C-531/18 P)**

**(Cásanna uamtha C-529/18 P agus C-531/18 P)** [1]

***(Achomharc – Prionsabail dhlí an Aontais – Airteagal 19 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – Ionadaíocht na bpáirtithe i gcaingne díreacha os comhair Chúirteanna an Aontais – Dlíodóir le stádas tríú páirtí i ndáil leis an iarratasóir – Ceanglas maidir le neamhspleáchas – Dlíodóir atá ag cleachtadh mar chomhlach i ngnólacht dlí – Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)***

(2022/C 198/02)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*(Cás C-529/18 P)*

*Iarratasóir*: PJ (ionadaithe: J. Lipinsky agus C. von Donat, Rechtsanwälte)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaithe: D. Botis agus A. Söder, i gcáil Gníomhairí), Erdmann & Rossi GmbH (ionadaithe: H. Kunz-Hallstein agus R. Kunz-Hallstein, Rechtsanwälte)

*(Cás C-531/18 P)*

*Iarratasóir*: PC (ionadaithe: J. Lipinsky agus C. von Donat, Rechtsanwälte)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* PJ (ionadaithe: J. Lipinsky agus C. von Donat, Rechtsanwälte) Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) (ionadaithe: D. Botis agus A. Söder, i gcáil Gníomhairí), Erdmann & Rossi GmbH (ionadaithe: H. Kunz-Hallstein agus R. Kunz-Hallstein, Rechtsanwälte)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear do na hachomhairc.

2) Ordaítear do PJ na costais i gCás C-529/18 P a íoc maidir leis an achomharc reatha agus na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

3) Ordaítear do PC na costais i gCás C-531/18 P a íoc maidir leis an achomharc reatha agus na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

(1) IO C 103 30.03.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy – an Pholainn) – M. F. v J. M.**

**(Cás C-508/19)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 267 CFAE – Gá leis an léirmhíniú arna iarraidh chun go bhféadfaidh an chúirt a rinne an tarchur breithiúnas a thabhairt – Coincheap – Tionscnamh imeachtaí araíonachta i gcoinne breitheamh de ghnáthchúirt – Ainmniú na cúirte araíonachta inniúla chun na himeachtaí sin a éisteacht agus a chinneadh ag Uachtarán an Dlísheomra Araíonachta den Sąd Najwyższy (Cúirt Uachtarach, an Pholainn) – Caingean shibhialta maidir le heaspa caidreamh fostaíochta idir Uachtarán an Dlísheomra Araíonachta sin agus an Chúirt Uachtarach – Easpa inniúlachta na cúirte a rinne an tarchur chun bailíocht ceapacháin breithimh den Chúirt Uachtarach a scrúdú agus neamh-inghlacthacht caingne den sórt sin de bhun an dlí náisiúnta – Neamh-inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú)*

(2022/C 198/03)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Najwyższy

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* M. F.

*Cosantóir:* J. M.

*Idiragraithe:* Prokurator Generalny, Rzecznik Praw Obywatelskich

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (Izba Pracy i Ubezpieczeń Społecznych) [Cúirt Uachtarach (Dlísheomra um Shaothar agus Slándáil Shóisialta), an Pholainn] neamh-inghlactha.

(1) IO C 337, 07.10.2019

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Bruxelles – an Bheilg) – bpost SA v Autorité belge de la concurrence**

**(Cás C-117/20)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Seirbhísí poist – Córas praghsála arna ghlacadh ag soláthraí seirbhíse uilíche – Fíneáil arna forchur ag údarás rialála náisiúnta na hearnála poist – Fíneáil arna forchur ag údarás iomaíochta náisiúnta – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 50 – An prionsabal ne bis in idem – An cion céanna a bheith ann – Airteagal 52(1) – Teorainneacha ar an bprionsabal ne bis in idem – Carnadh imeachtaí agus pionós – Coinníollacha – Cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú – Comhréireacht)*

(2022/C 198/04)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Bruxelles

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* bpost SA

*Cosantóir:* Autorité belge de la concurrence

*Páirtithe leasmhara:* Publimail SA, An Coimisiún Eorpach

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, arna léamh in éineacht le hAirteagal 52(1) den Chairt, a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé nach gcuirtear cosc leis duine dlítheanach a phionósú le fíneáil as sárú a bheith déanta aige ar dhlí iomaíochta an Aontais, sa chás, i ndáil leis na fíorais chéanna, go raibh an duine sin ina ábhar do chinneadh críochnaitheach cheana féin i ndiaidh nós imeachta a bhaineann le sárú ar reachtaíocht earnáilsonrach arb é is cuspóir léi an margadh lena mbaineann a léirscaoileadh, ar choinníoll go bhfuil rialacha soiléire agus beachta ann lenar féidir a thuar cé na gníomhartha agus na neamhghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir carnadh imeachtaí agus pionós, chomh maith leis an gcomhordú idir an dá údarás inniúla, gur seoladh an dá nós imeachta ar bhealach sách comhordaithe laistigh de thréimhse ghearr agus go bhfreagraíonn iomlán na bpionós a fhorchuirtear do thromchúis na gcionta a rinneadh.

([1]) IO C 161 an 11.05.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) – Bundeswettbewerbsbehörde v Nordzucker AG, Südzucker AG, Agrana Zucker GmbH**

**(Cás C-151/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Iomaíocht – Airteagal 101 CFAE – Cairtéal ar thug dhá údarás náisiúnta iomaíochta imeachtaí ina choinne – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 50 – An prionsabal ne bis in idem – An cion céanna a bheith ann – Airteagal 52(1) – Teorainneacha ar an bprionsabal ne bis in idem – Coinníollacha – Cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú – Comhréireacht)***

(2022/C 198/05)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Bundeswettbewerbsbehörde

*Cosantóirí:* Nordzucker AG, Südzucker AG, Agrana Zucker GmbH

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé nach dtoirmeasctar ar údarás iomaíochta de chuid Ballstáit imeachtaí a thabhairt i gcoinne gnóthais, agus fíneáil a fhorchur air, más iomchuí, as sárú ar Airteagal 101 CFAE agus ar na forálacha comhfhreagracha den dlí iomaíochta náisiúnta, mar gheall ar iompar a raibh cuspóir nó éifeacht fhrithiomaíoch aige i gcríoch an Bhallstáit sin, sa chás gur luaigh údarás iomaíochta de chuid Ballstáit eile an t-iompar sin cheana féin, i gcinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag an údarás sin, maidir leis an ngnóthas sin, i ndiaidh imeachtaí um shárú ar Airteagal 101 CFAE agus ar fhorálacha comhfhreagracha dhlí iomaíochta an Bhallstáit eile sin, ar choinníoll nach bhfuil an cinneadh sin bunaithe ar chinneadh go bhfuil cuspóir nó éifeacht fhrithiomaíocha ar chríoch an chéad Bhallstáit.

2) Ní mór Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé gur féidir nós imeachta chun dlí na hiomaíochta a fhorghníomhú, ar nós imeachta é nach bhféadfaí, mar gheall ar rannpháirtíocht an pháirtí lena mbaineann sa chlár náisiúnta trócaire, ach sárú ar dhlí na hiomaíochta a dhearbhú ina leith, a bheith faoi réir phrionsabal ne bis in idem.

---

([1]) IO C 209 an 22.06.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Midden-Nederland – an Ísiltír) – X, Z v Autoriteit Persoonsgegevens**

**(Cás C-245/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Inniúlacht an údaráis mhaoirseachta – Airteagal 55(3) – Oibríochtaí próiseála cúirteanna atá ag gníomhú ina gcáil bhreithiúnach – Coincheap – Doiciméid ó imeachtaí dlíthiúla ina bhfuil sonraí pearsanta a sholáthar d'iriseoir)***

(2022/C 198/06)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Midden-Nederland

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* X, Z

*Cosantóir:* Autoriteit Persoonsgegevens

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 55(3) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a léirmhíniú sa chiall go bhfuil an fíric gur féidir le cúirt doiciméid ó imeachtaí cúirte, ina bhfuil sonraí pearsanta ann, a chur ar fáil go sealadach d'iriseoirí, ionas gur féidir leo tuairisciú níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-imeachtaí sin mar fheidhmiú, ag an gcúirt sin, dá "feidhm bhreithiúnach", de réir bhrí na forála sin.

---

([1]) IO C 297, 07.09.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an dara dlísheomra) an 24 Márta 2022 (tarchur chun réamhrialú ó Oberlandesgericht Wien – an Ostair) – Austro-Mechana Gesellschaft zur Wahrnehmung mechanisch-musikalischer Urheberrechte Gesellschaft mbH v Strato AG**

**(Cás C-433/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise – Treoir 2001/29/CE – Airteagal 2 – Atáirgeadh – Airteagal 5(2)(b) – Eisceacht maidir le cóipeáil phríobhaideach – Coincheap na "meáin uile" – Freastalaithe de chuid tríú páirtithe arna gcur ar fáil do dhaoine nádúrtha le haghaidh úsáide príobháidí – Cúiteamh cóir – Reachtaíocht náisiúnta nach gcuirtear soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta faoi réir an tobhaigh ar chóipeáil phríobháideach leis)***

(2022/C 198/07)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An Chúirt a rinne an tarchur**

Oberlandesgericht Wien

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Austro-Mechana Gesellschaft zur Wahrnehmung mechanisch-musikalischer Urheberrechte Gesellschaft mbH

*Cosantóir:* Strato AG

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 5(2)(b) de Threoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise a léirmhíniú sa chaoi is go gcuimsítear leis an bhfrása "atáirgthe a dhéantar ar na meáin uile" dá dtagraítear san fhoráil sin, cóipeanna cúltaca a dhéantar, chun críocha príobháideacha, de shaothair atá faoi chosaint cóipchirt ar fhreastalaí ina gcuireann soláthraí na seirbhíse néalríomhaireachta spás stórála ar fáil d'úsáideoir.

2) Ní mór Airteagal 5(2)(b) de Threoir 2001/29 a léirmhíniú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an eisceacht dá dtagraítear san fhoráil sin, ar dá réir nach bhfuil sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí stórála néalríomhaireachta cúiteamh cóir a íoc as cóipeanna cúltaca, de shaothair atá faoi chosaint cóipchirt, atá déanta ag daoine nádúrtha, arb úsáideoirí na seirbhísí sin iad, chun críocha úsáide príobháidí, nach críocha tráchtála iad go díreach nó go hindíreach, a mhéid a fhoráiltear leis an Rialachán sin go n-íocfar cúiteamh cóir chun sochair shealbhóirí na gceart.

(1) IO C 414 30.11.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 iarraidh ar réamhrialú ón Kúria – an Ungáir) – Somogy Megyei Kormányhivatal v Upfield Hungary Kft.**

**(Cás C-533/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 – Faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí – Lipéadú – Sonraí sainordaitheacha – Liosta na gcomhábhar – Ainm sonrach na gcomhábhar sin – Vitimín breise a chur le hearra bia – Oibleagáid ainm sonrach an vitimín sin a lua – Easpa oibleagáide chun an fhoirmle vitimín a úsáidtear a lua)***

(2022/C 198/08)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Kúria

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Somogy Megyei Kormányhivatal

*Cosantóir:* Upfield Hungary Kft.

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún, a léirmhíniú, ag féachaint go háirithe d'Airteagal 18(2) de, sa chaoi go gciallaíonn sé, i gcás inar cuireadh vitimín breise le hearra bia, nach gcaithfear a áireamh ar liosta comhábhair an earra bia sin, i dteannta ainm an vitimín sin, an fhoirmle vitimín a úsáidtear.

(1) IO C 28 an 25.01.2021

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an seachtú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – Hermann Albers eK v An Coimisiún Eorpach, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Land Niedersachsen (An Ghearmáin)**

**(Cás C-656/20)** ([1])

***(Achomharc – Státchabhair – Coincheap "cabhair" – Iompar poiblí do phaisinéirí – Cúiteamh i leith costas a eascraíonn as oibleagáidí seirbhíse poiblí – Acmhainní airgeadais a aistriú idir riaracháin phoiblí – Oibleagáid ar údaráis áitiúla a eagraíonn iompar chun táillí laghdaithe a ráthú do mhic léinn agus do phrintísigh – Buntáiste ar bith arna dheonú ag an Stát do chuideachta – Oibleagáid fógra a thabhairt)***

(2022/C 198/09)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hermann Albers eK (ionadaí: S. Roling, Rechtsanwalt)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: F. Tomat agus K. Blanck, gníomhairí), Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Land Niedersachsen (An Ghearmáin) (ionadaithe: S. Barth agus H. Gading, Rechtsanwältinen)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Hermann Albers eK a chostais féin a íoc, chomh maith leis na costais a thabhaigh an Coimisiún Eorpach.

3) Ordaítear do Land Niedersachsen (An Ghearmáin) a chostais féin a íoc.

([1]) IO C 44 08.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an seachtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – Gesamtverband Verkehrsgewerbe Niedersachsen eV (GVN) (an Ghearmáin) v Commission européenne, République fédérale d'Allemagne, Land Niedersachsen (an Ghearmáin)**

**(Cás C-666/20 P)** ([1])

(2022/C 198/10)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Níl san iris oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

([1]) IO C 44, 08.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an séú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – (tarchur chun réamhrialú ó Naczelny Sąd Administracyjny – An Pholainn) – W.G. v Dyrektor Izby Skarbowej w L.**

**(Cás C-697/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 9 – Duine inchánach – Airteagail 295 agus 296 – Scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí – Céilí i mbun gníomhaíochta talmhaíochta ag baint úsáid as maoin atá mar chuid de mhaoin choitianta an phósta – An fhéidearthacht go measfaí na céilí sin a bheith mar dhaoine inchánach ar leithligh chun críocha CBL – Rogha duine de na céilí an stádas mar fheirmeoir ar ráta comhréidh a tharscaoileadh agus a ghníomhaíocht a chur faoin ngnáthchóras CBL – An chéile eile ag cailleadh an stádais mar fheirmeoir ar ráta comhréidh)***

(2022/C 198/11)

*Teanga an cháis: an Pholannais*

**An Chúirt a rinne an tarchur**

Naczelny Sąd Administracyjny

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* W.G.

*Cosantóir:* v Dyrektor Izby Skarbowej w L.

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagail 9, 295 agus 296 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léirmhíniú mar a leanas:

— go gcuirtear cosc leo ar chleachtas Ballstáit lena gcuirtear as an áireamh go bhféadfaí céilí a bhíonn i mbun gníomhaíochta talmhaíochta laistigh den ghabháltas céanna, a úsáideann maoin atá ina cuid de mhaoin choitianta an phósta, a mheas a bheith mar dhaoine inchánach ar leithligh chun críocha cánach breisluacha (CBL) sa chás go mbíonn gach ceann de na céilí sin i mbun gníomhaíochta eacnamaíche go neamhspleách;

— nach gcuirtear cosc leo, in imthosca ina ndéanann na céilí an ghníomhaíocht talmhaíochta sin faoin scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí, go n-eascródh sé as rogha duine de na céilí sin a ghníomhaíocht a chur faoin ngnáthchóras CBL go gcaillfeadh an céile eile an stádas mar fheirmeoir ar ráta comhréidh, nuair is léir go bhfuil an éifeacht sin riachtanach, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an gcás nithiúil, chun dul i ngleic leis na rioscaí mí-úsáide agus calaoise nach féidir a chur as an áireamh trí fhianaise iomchuí a bheith curtha ar fáil ag na céilí, nó i gcás nach gcruthaítear, le déanamh na gníomhaíochta ag na céilí sin go neamhspleách agus gach ceann acu faoi chuimsiú an ghnáthchórais CBL, aon deacrachtaí riaracháin maidir le cás ina bhfuil dhá stádas éagsúla ag na céilí sin ag an am céanna.

---

([1]) IO C 182 10.05.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší správní soud – Poblacht na Seice) – TanQuid Polska Sp. z o. o. v Generální ředitelství cel**

**(Cás C-711/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Dleachtanna máil – Treoir 92/12/CE – Airteagal 4 – Gluaiseacht táirgí faoi fhionraí dleachta máil – Coinníollacha – Airteagail 6 agus 20 – Táirgí a chur ar fáil lena dtomhailt – An doiciméad riaracháin tionlacain a fhalsú – Sárú nó neamhrialtacht a rinneadh le linn ghluaiseacht na dtáirgí atá faoi scéim fionraíochta dleachta máil – Táirgí a bhaint go neamhrialta as córas fionraíochta – Faighteoir gan eolas faoin ngluaiseacht – Calaois arna déanamh ag tríú páirtí – Airteagal 13(a) agus Airteagal 15(3) – Ráthaíocht éigeantach maidir le gluaiseacht – Réim)***

(2022/C 198/12)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nejvyšší správní soud

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* TanQuid Polska Sp. z o. o.

*Cosantóir:* Generální ředitelství cel

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Treoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socruithe ginearálta i gcomhair táirgí atá faoi réir dleacht mháil agus maidir le táirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu, arna leasú le Treoir 94/74/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 a léirmhíniú sa chiall gurb ionann cur chun bealaigh, ag coimeádaí údaraithe, na dtáirgí máil, faoi chuimsiú doiciméid tionlacain agus ráthaíocht éigeantach, agus gluaiseacht táirgí atá faoi fhionraí dleachta máil, de réir bhrí Airteagal 4(c) den treoir sin, d'ainneoin nárbh eol don fhaighteoir a luaitear sa dhoiciméad tionlacain agus sa ráthaíocht sin, de bharr iompar calaoiseach de thríú pháirtí, gur seoladh na táirgí sin chuige, a mhéid nach bhfuil an méid sin nó aon neamhrialtacht nó sárú eile tugtha faoi deara ag údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.

Cé go sonraítear, sa ráthaíocht éigeantach arna cruthú ag an gcoimeádaí údaraithe chun críocha an chur chun bealaigh seo, ainm an fhaighteora údaraithe, ach ní a stádas mar oibreoir cláraithe, níl aon éifeacht ag an imthoisc sin ar chineál dleathach na gluaiseachta sin.

---

([1]) IO C 88, 15.03.2021

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an cúigiú dlísheomra) an 24 Márta 2022 – (tarchur chun réamhrialú ón Bundesgerichtshof – An Ghearmáin) – Galapagos BidCo. S.a.r.l. v DE, i gcáil leachtaitheoir de Galapagos S.A., Hauck Aufhäuser Fund Services S.A., Prime Capital S.A.**

**(Cás C-723/20)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (AE) 2015/848 – Imeachtaí dócmhainneachta – Airteagal 3(1) – Dlínse idirnáisiúnta – Lárionad phríomhleasa an fhéichiúnaí a aistriú chuig Ballstát eile tar éis iarratas a thaisceadh chun príomhimeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh)*

(2022/C 198/13)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An Chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Galapagos BidCo. S.a.r.l.

*Cosantóir:* v DE, i gcáil leachtaitheoir de Galapagos S.A., Hauck Aufhäuser Fund Services S.A., Prime Capital S.A.

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta a léirmhíniú sa chaoi go gcoinníonn cúirt Ballstáit a ndearnadh iarratas chun príomhimeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh os a comhair dlínse eisiatach chun imeachtaí den sórt sin a thionscnamh nuair a aistrítear lárionad príomhleasa an fhéichiúnaí go Ballstát eile tar éis tabhairt isteach an iarratais sin, ach sula dtabharfaidh an chúirt sin rialú air. Dá bhrí sin, agus a mhéid a bhfuil an Rialachán sin fós infheidhme maidir leis an iarratas sin, ní féidir le cúirt Ballstáit eile, ar cuireadh iarratas chun na gcríoch céanna faoina bráid ina dhiaidh sin, a dhearbhú, i bprionsabal, go bhfuil dlínse aici na príomhimeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh a mhéid nár thug an chéad chúirt rialú orthu agus nár dhiúltaigh sí dlínse.

---

(1) IO C 128 12.04.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón gComhairle Stáit – an Bheilg) – CT, Ferme de la Sarte SPRL v Réigiún na Vallúine**

**(Cás C-726/20)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) – Maoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) – Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 – Airteagal 17(1)(b) – Cabhair infheistíochta a bhaineann le próiseáil, le margaíocht agus/nó le forbairt táirgí talmhaíochta arna gcumhdach le hIarscríbhinn I den Chonradh FAE – Coincheap “táirgí talmhaíochta” – Coincheapa “plandaí beo” agus “táirgí bláthanna” – Rollaí móna chun díonta glasa a fhorbairt)*

(2022/C 198/14)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Chomhairle Stáit

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* CT, Ferme de la Sarte SPRL

*Cosantóir:* Réigiún na Vallúine

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 17(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle a léirmhíniú sa chiall go gcumhdaítear, leis an gcoincheap "táirgí talmhaíochta arna gcumhdach ag Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh [FAE]", plandaí a úsáidtear chun díonta glasa a fhorbairt, amhail rollaí móna, ar chaoi go mbeidh na hinfheistíochtaí ábhartha a bhaineann leo incháilithe le haghaidh cabhrach faoin mbeart tacaíochta um fhorbairt tuaithe dá dtagraítear san fhoráil sin.

(1) IO C 79, 08.03.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – an Coimisiún Eorpach v Éire**

**(Cás C-125/21)** (1)

***(Imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Aitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach – Cinneadh Réime 2008/909/CGB – Mainneachtain na bearta is gá a ghlacadh chun an Cinneadh Réime a chomhlíonadh – Mainneachtain cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach)***

(2022/C 198/15)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Tomkin agus S. Grünheid, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Éire (ionadaithe: M. Browne, M. Lane agus J. Quaney, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó M. Gray, abhcóide sinsir)

**An chuid oibríochtúil**

1) Toisc nár glacadh, laistigh den teorainn ama, na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008, maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach a chomhlíonadh, agus toisc nár chuir sí téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún Eorpach, theip ar Éirinn na hoibleagáidí atá uirthi faoi Airteagal 29(1) agus (2) den Chinneadh-Réime sin a chomhlíonadh.

2) Ordaítear d'Éirinn na costais a íoc.

(1) IO C 148, 26.04.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – an Coimisiún Eorpach v Éire**

**(Cás C-126/21)**

(2022/C 198/16)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 – Lukáš Wagenknecht v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-130/21 P)** [1]

***(Achomharc – Cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh – Calaois a chomhrac – Creat airgeadais ilbhliantúil – Coinbhleacht leasa líomhnaithe Phríomh-Aire Phoblacht na Seice – Iarratas chun cosc a chur ar Phríomh-Aire Phoblacht na Seice bualadh le Coláiste na gCoimisinéirí Eorpacha – Iarratas chun deireadh a chur le híocaíochtaí díreacha i mbuiséad an Aontais le grúpaí áirithe agraibhia – Mainneachtain gníomhú – Easpa gníomhaíochta líomhnaithe ag an gCoimisiún Eorpach – Comhdhéanamh Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh – Easpa neamhchlaontachta líomhnaithe – Neamh-inghlacthacht na gníomhaíochta – Páipéar seasaimh – Seasamh dlíthiúil – Leas in imeachtaí a thionscnamh)***

(2022/C 198/17)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Lukáš Wagenknecht (ionadaí: A. Koller, advokátka)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: F. Erlbacher agus M. Salyková, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear leis an achomharc.

2) Ordaítear do Lukaš Wagenknechtest a chostais féin agus costais an Choimisiún Eorpaigh a íoc.

---

[1] IO C 182, 10.05.2021

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 24 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Chúirt Réigiúnach Rodez – an Fhrainc) – BNP Paribas Personal Finance SA v AN, CN**

**(Cás C-82/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Comhaontú iasachta morgáiste atá ainmnithe in airgeadra eachtrach (Franc na hEilvéise) – Airteagal 4(2) – Príomhchuspóir an chonartha – Téarmaí lena gcuirtear an t-iasachtaí faoi riosca malairte eachtraí – Ceanglais intuigtheachta agus trédhearcachta – Airteagal 3(1) – Éagothroime shuntasach – Airteagal 5 – Téarma conarthach a dhréachtú go soiléir agus go hintuigthe)***

(2022/C 198/18)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cúirt Réigiúnach Rodez

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* BNP Paribas Personal Finance SA

*Cosantóirí:* AN, CN

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Caisse régionale de crédit agricole mutuel du Languedoc

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 4(2) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léirmhíniú sa chiall go gcomhlíontar, i gcomhthéacs conartha iasachta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, an ceanglas maidir le trédhearcacht théarmaí an chonartha sin, lena bhforáiltear go bhfuil an t-airgeadra eachtrach mar airgeadra cuntasaíochta agus gurb é an euro an t-airgeadra íocaíochta agus a fhágfaidh go mbeidh an riosca malairte eachtraí ar an iasachtaí, ar choinníoll gur sholáthair an díoltóir nó an soláthróir don tomhaltóir faisnéis leordhóthanach agus chruinn chun go mbeadh gnáth-thomhaltóir, atá réasúnta eolach agus réasúnta géarintinneach airdeallach, in ann oibriú praiticiúil an tsásra airgeadais lena mbaineann a thuiscint agus measúnú a dhéanamh ar an riosca go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha diúltacha eacnamaíocha a bheith ag téarma den sórt sin ar a oibleagáidí airgeadais le linn an chonartha sin.

2) Ní mór Airteagal 3(1) de Threoir 93/13 a léirmhíniú sa chiall go bhféadfaí, mar thoradh ar théarmaí comhaontú iasachta, lena bhforáiltear go bhfuil an t-airgeadra eachtrach mar airgeadra cuntasaíochta agus gurb é an euro an t-airgeadra íocaíochta agus a fhágfaidh go mbeidh an riosca malairte eachtraí, gan foráil a dhéanamh maidir le huasteorainn, ar an iasachtaí, éagothroime shuntasach a chruthú idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gconradh sin chun dochair an tomhaltóra, toisc nach bhféadfadh an díoltóir nó an soláthróir a bheith ag súil, i gcomhréir leis an gceanglas maidir le trédhearcacht maidir leis an tomhaltóir, go nglacfadh an tomhaltóir le riosca ráta malairte eachtraí díréireach a eascraíonn as na téarmaí sin, agus nach leor go n-aimseofaí easpa meon macánta an díoltóra nó an soláthróra, ann féin, i gcás inarb iomchuí, chun críocha aicmiú na héagothroime sin.

(1) Dáta an taisccthe: 14/02/2020.

---

**Ordú na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 25 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Spetsializiran nakazatelen sad – an Bhulgáir) – imeachtaí coiriúla in aghaidh IP, DD, ZI, SS, HYA**

**(Cás C-609/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Airteagal 4 (3) CAE – Airteagal 267 CFAE – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 47, an dara mír – Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Inneachar na hiarrata ar réamhrialú – Riail náisiúnta lena ndéantar foráil go ndiúltóidh an chúirt nó an binse coiriúla náisiúnta dlínse as seasamh a ghlacadh ar chúlra fíorasach an cháis san iarraidh ar réamhrialú, faoi phionós go ndéanfar an cinneadh ar thuillteanais an cháis a neamhniú – Airteagal 18 CFAE – Airteagal 21(2) den Chairt – Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – Oibleagáid na gcúirteanna agus binsí náisiúnta an Ballstát lena mbaineann siad a chur ar an eolas faoi aon iarraidh ar réamhrialú arna dhíriú ar an gCúirt Bhreithiúnais)***

(2022/C 198/19)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Spetsializiran nakazatelen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

**IP, DD, ZI, SS, HYA**

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 267 CFAE agus Airteagal 94(1)(a) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, arna léamh i bhfianaise Airteagal 4(3) CAE agus an dara mír d'Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú sa chiall go gcoisceann siad riail náisiúnta a cheanglaíonn ar na cúirteanna agus binsí atá ag rialú in ábhair choiriúla, agus iad ag rialú ar na fíorais i gcomhthéacs iarraidh ar réamhrialú arna dhíriú ar an gCúirt Bhreithiúnais, tarraingt siar ón gcás faoi phionós go ndéantar an cinneadh le hidirghabháil a dhéanamh bunaithe ar thuillteanais an cháis a neamhniú. Ní mór go gcuirfear riail den sórt sin ar leataobh ag na cúirteanna agus na binsí sin agus ag aon chomhlacht a bhfuil sé de chumhacht aige í a chur i bhfeidhm.

2) Ní mór Airteagal 18 CFAE, Airteagal 21(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha chomh maith le hAirteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú sa chiall nach gcuireann siad i gcoinne rialacha Ballstáit a cheanglaíonn ar chúirt nó ar bhinse a tharchuireann iarraidh ar réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais cóip den iarraidh sin a chur chuig an údarás atá freagrach as ionadaíocht an Bhallstáit sin a áirithiú os comhair na Cúirte Breithiúnais.

(1) Dáta an taisccthe: 28.9.2021

---

**Ordú na Cúirte (an tOchtú dlísheomra) an 30 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Relação de Lisboa – an Phortaingéil) – Orbest, SA v CS, QN, OP agus Eile**

**(Cás C-659/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Iompar eitlíochta – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu – Airteagal 5(3) – Díolúine ó chúram an chúitimh – An coincheap "imthosca eisceachtúla" – Cliseadh teicniúil an eitleáin toisc gur bhuail feithicil lónadóireachta le triú páirtí faoin eitleán sin agus é páirceáilte ag an aerfort)***

(2022/C 198/20)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal da Relação de Lisboa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Orbest, SA

*Cosantóirí:* CS, QN, OP agus Eile

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 5(3) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, a léirmhíniú amhail is go bhféadfar cliseadh teicniúil eitleáin a thárla toisc gur bhuail feithicil lónadóireachta le triú páirtí faoin eitleán sin agus é páirceáilte ag an aerfort a chuimsiú le raon feidhme na choincheapa "imthosca eisceachtúla", de réir bhrí na forála sin.

[1] A taisceadh an 2.11.2021

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó: Sofiyski rayonen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 29 Meán Fómhair 2021 – XN v Oifigeach póilíneachta ag 2 RU SDVR**

**(Cás C-608/21)**

(2022/C 198/21)

*Teanga an cháis: an Bulgárach*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Achomharc arna thabhairt an 2 Nollaig 2021 ag Marina Yachting Brand Management Co. Ltd i gcoinne Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Meán Fómhair 2021 i gCás T-169/20, Marina Yachting Brand Management v EUIPO – Industries Sportswear**

**(Cás C-743/21 P)**

(2022/C 198/22)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Marina Yachting Brand Management Co. Ltd (ionadaithe: A. von Mühlendahl, C. Eckhartt, P. Böhner, Rechtsanwälte)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Industries Sportswear Co. Srl

Le hordú an 31/03/2022, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais (Dlísheomra ag cinneadh an nglacfar le hachomhairc) nach bhféadfar an t-achomharc a ghlacadh agus gur cheart do Marina Yachting Brand Management Co. Ltd a chostais féin a iompar.

---

**Achomharc arna thabhairt an 2 Nollaig 2021 ag Henry Cotton's Brand Management Co. Ltd i gcoinne Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Meán Fómhair 2021 i gCás T-173/20, Henry Cotton's Brand Management v EUIPO – Industries Sportswear**

**(Cás C-744/21 P)**

(2022/C 198/23)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Henry Cotton's Brand Management Co. Ltd (ionadaithe: A. von Mühlendahl, C. Eckhartt, P. Böhner, Rechtsanwälte)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Industries Sportswear Co. Srl

Le hordú an 31/03/2022, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais (Dlísheomra ag cinneadh an gceadófar le hachomhairc dul ar aghaidh) nach bhféadfar dul ar aghaidh leis an achomharc agus gur cheart do Henry Cotton's Brand Management Co. Ltd a chostais féin a iompar.

---

**Achomharc arna thabhairt an 10 Nollag 2021 ag NB i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 28 Meán Fómhair 2021 i gCás T-648/20, NB v Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-774/21 P)**

(2022/C 198/24)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgerichts Aachen (an Ghearmáin) a taisceadh an 22 Nollag 2021 – Staatsanwaltschaft Aachen**

**(Cás C-819/21)**

(2022/C 198/25)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge

---

**Achomharc arna thabhairt an 28 Nollaig 2021 ag Fachverband Spielhallen eV agus LM i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Deireadh Fómhair 2021 i gCás T-510/20, Fachverband Spielhallen agus LM v Coimisiúin**

**(Cás C-831/21 P)**

(2022/C 198/26)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht München (an Ghearmáin) arna taisceadh an 7 Eanáir 2022 – HTB Neunte Immobilien Portfolio geschlossene Investment UG & Co. KG v Müller Rechtsanwaltsgesellschaft mbH**

**(Cás C-17/22)**

(2022/C 198/27)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht München

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* HTB Neunte Immobilien Portfolio geschlossene Investment UG & Co. KG

*Cosantóir:* Müller Rechtsanwaltsgesellschaft mbH

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. (a) An gcaithfear Airteagal 6(1)(b) agus (f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ([1]) a léirmhíniú sa chiall, i gcás comhpháirtíocht ina bhfuil mórán infheisteoirí ón bpobal i gcoitinne, gur leor go bhfuil comhpháirtí faoi dhliteanas i leith méid beag, ar comhpháirtí é nach bhfuil faoi dhliteanas pearsanta agus nach bhfuil ina comhpháirtí feidhmeannach, chun a chinneadh go bhfuil “leas dlisteanach” aige i bhfaisnéis a fháil faoi na comhpháirtithe eile a bhfuil scaireanna acu arna gcoimeád go hindíreach trí iontaobhaí, faoina sonraí teagmhála agus faoina líon scaireanna sa chomhpháirtíocht sin, agus nach mór oibleagáid chonarthach chomhfhreagrach a thuiscint ón gcomhaontú comhpháirtíochta?

   (b) Nó an bhfuil an leas dlisteanach teoranta, faoi na coinníollacha sin, d’fhaisnéis a fháil ón gcomhpháirtíocht maidir le comhpháirtithe a bhfuil scaireanna á sealbhú go hindíreach acu agus atá faoi dhliteanas i leith méid nach beag, agus a bhfuil méid áirithe scaireanna acu lena bhféadfaidh siad, ar a laghad go féidearthach, tionchar a bheith acu ar thodhchaí na comhpháirtíochta?

2. (a) An leor, más ann do cheart neamhtheoranta amhail sin [Ceist 1(a)], ionas nach sárófar an toirmeasc ar mhí-úsáid ceart atá mar dhlúthchuid de cheart den sórt sin, nó chun maolú ón teorainn ar cheart chun faisnéise teoranta [Ceist 1(b)], an rún chun dul i dteagmháil chun aithne a chur ar dhaoine, tuairimí a mhalartú nó ceannach scaireanna a chaibidliú?

   b) Nó an féidir a mheas nach bhfuil an leas i bhfaisnéis a fháil ábhartha ach amháin má iarrtar nochtadh na faisnéise sin le rún sainráite chun dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe eile chun a iarraidh orthu comhordú a dhéanamh chun críoch a shainaithnítear go sonrach a fhágann go bhfuil gá le comhthoil i dtaca le cinntí na gcomhpháirtithe?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht München (an Ghearmáin) arna taisceadh an 7 Eanáir 2022 – Ökorenta Neue Energien Ökostabil IV geschlossene Investment GmbH & Co. KG v WealthCap Photovoltaik 1 GmbH Co. KG, WealthCap PEIA Komplementär GmbH agus WealthCap Investorenbetreuung GmbH**

**(Cás C-18/22)**

(2022/C 198/28)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht München

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Ökorenta Neue Energien Ökostabil IV geschlossene Investment GmbH & Co. KG

*Cosantóirí:* WealthCap Photovoltaik 1 GmbH Co. KG, WealthCap PEIA Komplementär GmbH agus WealthCap Investorenbetreuung GmbH

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. (a) An gcaithfear Airteagal 6(1)(b) agus (f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ([1]) a léirmhíniú sa chiall, i gcás comhpháirtíocht ina bhfuil mórán infheisteoirí ón bpobal i gcoitinne, gur leor go bhfuil comhpháirtí faoi dhliteanas i leith méid beag, ar comhpháirtí é nach bhfuil faoi dhliteanas pearsanta agus nach bhfuil ina comhpháirtí feidhmeannach, chun a chinneadh go bhfuil "leas dlisteanach" aige i bhfaisnéis a fháil faoi na comhpháirtithe eile a bhfuil scaireanna acu arna gcoimeád go hindíreach trí iontaobhaí, faoina sonraí teagmhála agus faoina líon scaireanna sa chomhpháirtíocht sin, agus nach mór oibleagáid chonarthach chomhfhreagrach a thuiscint ón gcomhaontú comhpháirtíochta?

   (b) Nó an bhfuil an leas dlisteanach teoranta, faoi na coinníollacha sin, d'fhaisnéis a fháil ón gcómhpháirtíocht maidir le comhpháirtithe a bhfuil scaireanna á sealbhú go hindíreach acu agus atá faoi dhliteanas i leith méid nach beag, agus a bhfuil méid áirithe scaireanna acu lena bhféadfaidh siad, ar a laghad go féidearthach, tionchar a bheith acu ar thodhchaí na comhpháirtíochta?

2. (a) An leor, más ann do cheart neamhtheoranta amhail sin [Ceist 1(a)], ionas nach sárófar an toirmeasc ar mhí-úsáid ceart atá mar dhlúthchuid de cheart den sórt sin, nó chun maolú ón teorainn ar cheart chun faisnéise teoranta [Ceist 1(b)], an rún chun dul i dteagmháil chun aithne a chur ar dhaoine, tuairimí a mhalartú nó ceannach scaireanna a chaibidliú?

   (b) Nó an féidir a mheas nach bhfuil an leas i bhfaisnéis a fháil ábhartha ach amháin má iarrtar nochtadh na faisnéise sin le rún sainráite chun dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe eile chun a iarraidh orthu comhordú a dhéanamh chun críoch a shainaithnítear go sonrach a fhágann go bhfuil gá le comhthoil i dtaca le cinntí na gcomhpháirtithe?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Opolu (an Pholainn) a taisceadh an 7 Eanáir 2022 – OP**

**(Cás C-21/22)**

(2022/C 198/29)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Opolu

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* OP

*Cosantóir:* Notariusz Justyna Gawlica

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gá Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le forfheidhmiú ionstraimí barántúla in ábhair chomharbais, agus maidir le Deimhnithe Eorpaigh Comharbais a chruthú, a léirmhíniú amhail is go bhfuil daoine nach saoránaigh den Aontas Eorpach i dteideal dlí a dtíre náisiúntachta a roghnú mar an dlí lena rialófar gach ábhar a bhaineann le comharbas? ([1])

2. An gá forálacha comhcheangailte Airteagail 75 agus 22 de Rialachán Uimh. 650/2021 a léirmhíniú amhail is go gciallaítear leo, i gcás comhaontú déthaobhach idir Ballstát agus tríú tír nach rialaítear an rogha dlí is infheidhme leis maidir le cás a bhaineann le comharbas ach lena sonraítear an dlí is infheidhme sa chás sin, go bhféadfaidh náisiúnaigh den tríú tír sin a chónaíonn i mBallstát atá faoi cheangal an chomhaontú dhéthaobhaigh sin an dlí is infheidhme a roghnú?

([1]) IO 2012 L 201, lch. 107.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 7 Eanáir 2022 – T. S.A. v Przewodniczący Krajowej Rady Radiofonii i Telewizji**

**(Cás C-22/22)**

(2022/C 198/30)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Najwyższy

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* T. S.A.

*Cosantóir:* Przewodniczący Krajowej Rady Radiofonii i Telewizji

**An cheist a tharchuirtear:**

1. An gá Airteagal 20(2) de Threoir 2020/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc), ([1]) in éineacht le hAirteagal 4(1) den Treoir sin, agus Airteagail 11 agus 20 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar chraoltóirí teilifíse amháin fógraí a chur ina gcláir do leanaí, ach nach gcuirtear aon toirmeasc den sórt sin ar chraoltóirí seirbhísí meán closamhairc ar éileamh?

([1]) IO 2010 L 95, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Erfurt (an Ghearmáin) arna taisceadh an 18 Eanáir 2022 – XXX v Helvetia schweizerische Lebensversicherungs-AG**

**(Cás C-41/22)**

(2022/C 198/31)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Erfurt

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* XXX

*Cosantóir:* Helvetia schweizerische Lebensversicherungs-AG

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcuireann dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 15(1) de Threoir 90/619/CEE ([1]), Airteagal 31 de Threoir 92/96/CEE ([2]) agus Airteagal 35(1) de Threoir 2002/83/CE ([3]), arna léamh, más iomchuí, in éineacht le hAirteagal 38 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cosc ar reachtaíocht nó cásdlí náisiúnta faoina bhfuil ar an sealbhóir polasaí – tar éis dó an ceart aistarraingthe atá aige a fheidhmiú go dleathach – an dualgas ríomh na sochar a bhí ag an árachóir féin a léiriú agus a chruthú? Má cheadaítear go bhforchuirfí an dualgas léirithe agus cruthúnais sin sa chaoi sin, an gceanglaítear, faoi dhlí an Aontais, go háirithe prionsabal na héifeachtachta, go mbeidh an sealbhóir polasaí, mar gheall air sin, i dteideal cearta faisnéise nó cúnamh eile ón árachóir ionas go mbeidh sé in ann a chearta a fheidhmiú?

2. Maidir le hárachóir nár thug aon fhaisnéis don sealbhóir polasaí nó nár thug ach faisnéis mhíchruinn dó maidir lena cheart aistarraingthe, an bhfuil cosc air, brath ar fhorghéilleadh, mí-úsáid ceart nó imeacht aimsire i gcoinne na gceart atá ag an sealbhóir polasaí, go háirithe a cheart aistarraingthe?

3. Maidir le hárachóir nár thug aon fhaisnéis tomhaltóra don sealbhóir polasaí nó nár thug ach faisnéis tomhaltóra neamhiomlán nó mhíchruinn dó, an bhfuil cosc air brath ar fhorghéilleadh, mí-úsáid ceart nó imeacht aimsire i gcoinne na gceart atá ag an sealbhóir polasaí, go háirithe a cheart aistarraingthe?

---

(1) An dara Treoir ón gComhairle an 8 Samhain 1990 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach (árachas saoil), lena leagtar síos forálacha lena n-éascaítear feidhmiú éifeachtach na saoirse chun seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Treoir 79/267/CEE (IO 1990 L 330, lch. 50).

(2) Treoir ón gComhairle an 10 Samhain 1992 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach (árachas saoil) agus lena leasaítear Treoracha 79/267/CEE agus 90/619/CEE (an tríú Treoir maidir le hárachas saoil) (IO 1992 L 360, lch. 1).

(3) Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir le hárachas saoil (IO 2002 L 345, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Najwyższy (an Pholainn) a taisceadh an 18 Eanáir 2022 – Prokurator Generalny**

**(Cás C-43/22)**

(2022/C 198/32)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Najwyższy

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Prokurator Generalny

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* D.J., D[X]. J., Ł.J., S.J., Wojewódzkie Pogotowie Ratunkowe w K.

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gá an dara fomhír d'Airteagal 19(1) agus Airteagal 5(1) go (3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 47 agus 51(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú amhail go gcuirtear cosc leo ar rialacha náisiúnta faoinar féidir le hAire Dlí agus Cirt de Bhallstát, ar bonn critéir nár cuireadh ar fáil go poiblí, ar thaobh amháin, breitheamh a thabhairt ar iasacht chuig cúirt shibhialta níos airde le dlínse i leith ábhair a bhaineann le dlí an Aontais le haghaidh tréimhse sheasta nó éiginnte, agus, ar an taobh eile, deireadh a chur le hiasacht an bhreithimh sin tráth ar bith trí chinneadh gan ráiteas cúiseanna.

2. Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist: an gá an dara fomhír d'Airteagal 19(1) agus Airteagal 5(1) go (3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 47 agus 51(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú go gciallaítear leo, maidir le cúirt náisiúnta a bhfuil faoina bráid achomharc i gcoinne cinneadh cúirte ina bhfuil breitheamh ar iasacht mar a mhínítear sa chéad cheist, an bhfuil an chúirt sin faoi cheangal, uaithi féin, imscrúdú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na cúirte sin, fiú mura bhfuil ábhar dhlí an Aontais i gceist?

3. Má thugtar freagra dearfach ar an dara ceist: an gá an dara fomhír d'Airteagal 19(1) agus Airteagal 5(1) go (3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 47 agus 51(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú go gceanglaítear leo go gcuirfidh cúirt de chuid Ballstáit cinneadh críochnaitheach cúirte a chur ar ceal gach uair a shuitear go raibh an breitheamh ar iasacht sin páirteach in imscrúdú an cháis, agus nach raibh an chúirt leis an mbreitheamh faoi thrácht neamhspleách ná neamhchlaonta trí leigheas dlí lena gcuirtear cinntí críochnaitheacha ar ceal, amhail achomharc urghnách, nó an dtagann cinneadh iarmhairtí an tsáraithe sin faoi fhéinriail nós imeachta an Bhallstáit?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht (an Ostair) arna taisceadh an 21 Eanáir 2022 – Apotheke B. v Bundesamt für Sicherheit im Gesundheitswesen (BASG)**

**(Cás C-47/22)**

(2022/C 198/33)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesverwaltungsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Apotheke B.

*Cosantóir:* Bundesamt für Sicherheit im Gesundheitswesen (BASG)

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. a) An gcaithfear Airteagal 80(b) de Threoir 2001/83/CE [1] a léirmhíniú sa chaoi is go gcomhlíontar an ceanglas san fhoráil sin fiú i gcás, mar atá sna príomhimeachtaí, ina bhfaigheann sealbhóir údaraithe dáileacháin mórdhíola táirgí íocshláinte ó dhaoine eile atá, faoin dlí náisiúnta, údaraithe freisin nó atá i dteideal táirgí íocshláinte a sholáthar don phobal freisin ach nach bhfuil údarú dáileacháin den sórt sin acu nó atá díolmhaithe ón oibleagáid chun údarú dáileacháin den sórt sin a fháil de réir Airteagal 77(3) den Treoir sin, agus nach bhfaightear ach cainníochtaí beaga.

   b) Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1(a): an bhfuil sé ábhartha maidir le comhlíonadh an cheanglais a leagtar síos in Airteagal 80(b) de Threoir 2001/83/CE nach gcuirfear soláthar táirgí íocshláinte a fuarthas i gcomhréir leis na socruithe arna léiriú sna príomhimeachtaí agus i gCeist 1(a) ar fáil ach amháin do dhaoine atá údaraithe nó i dteideal táirgí íocshláinte a sholáthar don phobal faoi Airteagal 77(2) den Treoir sin nó dóibhsean arb iad féin sealbhóirí údaraithe dáileacháin mórdhíola?

2. a) An gcaithfear Airteagal 79(b) agus Airteagal 80(g), in éineacht le pointe 2.2. de Threoirlínte an 5 Samhain 2013 maidir le dea-chleachtas dáileacháin i leith táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, a léirmhíniú sa chaoi is go gcomhlíontar na ceanglais foirne fiú i gcás, mar atá sna príomhimeachtaí, go bhfuil an duine freagrach as láthair (go fisiciúil) ón láithreán ar feadh tréimhse ceithre uair an chloig ach go bhféadfaí dul i dteagmháil leis ar an teileafóin le linn na tréimhse sin?

   b) An gcaithfear Treoir 2001/83/CE, go háirithe Airteagail 79 agus d'Airteagal 80(g), in éineacht leis an gcéad mhír de phointe 2.3 de Threoirlínte an 5 Samhain 2013 maidir le dea-chleachtas dáileacháin i leith táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, a léirmhíniú sa chaoi is go gcomhlíontar na ceanglais foirne dá bhforáiltear sna hAirteagail agus sna Treoirlínte sin i gcás ina bhfuil an duine freagrach as láthair mar a léirítear i gCeist 2(a), mar atá sna príomhimeachtaí, nach bhfuil an fhoireann atá i láthair in ann, go háirithe i gcás cigireacht arna déanamh ag an údarás inniúil den Bhallstáit, faisnéis a chur ar fáil iad féin maidir leis na nósanna imeachta i scríbhinn i ndáil lena réimsí freagrachta?

   c) An gcaithfear Treoir 2001/83/CE, go háirithe Airteagail 79 agus Airteagal 80(g), in éineacht le pointe 2.3 de Threoirlínte an 5 Samhain 2013 maidir le dea-chleachtas dáileacháin i leith táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, a léirmhíniú sa chaoi is, agus measúnú á dhéanamh an bhfuil líon leordhóthanach ball foirne inniúla ann ag gach céim den dáileachán mórdhíola, go gcaithfear aird a thabhairt ar ghníomhaíochtaí, mar atá sna príomhimeachtaí, arna seachfhoinsiú chuig tríú páirtithe (nó gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag fochonraitheoirí) agus an gcuirtear cosc leis an Treoir sin ar thuairisc ó shaineolaí a fháil chun críoch an mheasúnaithe sin nó an bhfuil ceanglas ann tuairisc den sórt sin a fháil?

3. An gcaithfear Treoir 2001/83, go háirithe Airteagail 77(6) agus 79, a léirmhíniú sa chaoi is nach mór an t-údarú chun tabhairt faoi ghníomhaíocht mar mhórdhíoltóir táirgí íocshláinte a aistarraingt i gcás ina suitear nach gcomhlíontar ceanglas atá ann faoi Airteagal 80 den Treoir sin, mar atá sna príomhimeachtaí, mar shampla, ina bhfaightear táirgí íocshláinte ar bhealach atá contrártha le hAirteagal 80(b) den Treoir, ach go gcomhlíontar an ceanglas sin arís, ar aon slí nuair a dhéanann an t-údarás inniúil den Bhallstát nó an chúirt cinneadh? Murach sin, cad iad na ceanglais eile atá i gceist leis an measúnú sin faoi dhlí an Aontais agus, go háirithe, cathain ba chóir an t-údarú a chur ar fionraí (amháin) seachas é a aistarraingt?

[1] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO 2001 L 311, lch. 67).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) arna taisceadh an 1 Feabhra 2022 – UZ v Bundesrepublik Deutschland**

**(Cás C-60/22)**

(2022/C 198/34)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Wiesbaden

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* UZ

*Cosantóir:* Bundesrepublik Deutschland

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. I gcás ina mainníonn rialaitheoir a oibleagáid chuntasachta a chomhlíonadh nó a chomhlíonadh go hiomlán faoi Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ([1]), mar shampla de bharr easpa taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála i gcomhréir le hAirteagal 30 de RGCS nó easpa taifid iomlán den sórt sin nó easpa comhshocraithe le haghaidh nós imeachta coiteann i gcomhréir le hAirteagal 26 de RGCS, an bhfuil sé mar iarmhairt air sin go bhfuil an phróiseáil sonraí atá i gceist mídhleathach de réir bhrí Airteagal 17(1)(d) de RGCS agus Airteagal 18(1)(b) de RGCS, sa chaoi go bhfuil ceart ag an ábhar sonraí chun léirscriosadh nó srianadh?

2. Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, an bhfuil sé mar iarmhairt ar an gceart chun léirscriosadh nó chun srianadh go gcaithfear gan na sonraí a próiseáladh a chur san áireamh in imeachtaí breithiúnacha? An amhlaidh atá in aon chás ina ndéanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne úsáid na sonraí in imeachtaí breithiúnacha?

3. Má thugtar freagra diúltach ar Cheist 1, an bhfuil sé mar iarmhairt ar shárú arna dhéanamh ag rialaitheoir ar Airteagail 5, 30 nó 26 de RGCS, i dtaca leis an gceist maidir le húsáid na sonraí próiseáilte in imeachtaí breithiúnacha, go bhféadfadh cúirt náisiúnta na sonraí a chur san áireamh má thoilíonn an t-ábhar sonraí don úsáid sin go sainráite, agus sa chás sin amháin?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, ceartúcháin IO 2018 L 127, lch. 3 agus IO 2021 L 74 lch. 35).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéil) a taisceadh an 11 Feabhra 2022 – Companhia de Distribuição Integral Logista Portugal, S.A. v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-96/22)**

(2022/C 198/35)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Companhia de Distribuição Integral Logista Portugal, S.A.

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An ionann srianta cainníochtúla ar allmhairiú nó bearta comhéifeachtacha, de réir bhrí Airteagal 34 CFAE, agus na srianta cainníochtúla ar scaoileadh chun tomhailte a mbunaítear le hAirteagal 106 den Código dos Impostos Especiais do Consumo (an Cód um Dhleachtanna Máil; CIEC), sa chaoi go meastar go ndéanann na heintitis, le linn tréimhse ceithre mhí dheireanach de gach bliain, margaíocht ar chainníochtaí de thoitíní nach sáraíonn an mheánchainníocht mhíosúil de thoitíní a scaoileadh lena dtomhailt le linn an dá mhí dhéag roimhe sin?

2. An bhfuil sé in aghaidh na rialacha maidir le hinmhuirearacht na ndleachtanna máil, arna dtabhairt isteach le hAirteagail 7 agus 9 de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle [1] an 16 Nollaig 2008, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar dháta thíolacadh an dearbhaithe leachtaithe a ghearradh ar chainníochtaí na dtoitíní a sháraíonn an teorainn chainníochtúil ar scaoileadh lena dtomhailt dá bhforáiltear in Airteagal 106, mír 2 de CIEC, i gcomhréir le mír 7 den Airteagal céanna?

(1) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil, agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO 2009, L 9, lch. 12).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Paris (an Fhrainc) a taisceadh an 14 Feabhra 2022 – Eurelec Trading SCRL v Ministre de l'Économie et des Finances, Scabel SA, Groupement d'Achat des Centres Édouard Leclerc (GALEC), Association des Centres distributeurs Édouard Leclerc (ACDLEC)

**(Cás C-98/22)**

(2022/C 198/36)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Paris

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Eurelec Trading SCRL

*Cosantóirí:* Ministre de l'Économie et des Finances, Scabel SA, Groupement d'Achat des Centres Édouard Leclerc (GALEC), Association des Centres distributeurs Édouard Leclerc (ACDLEC)

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear ábhair "shibhialta agus tráchtála" mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála [1] a léirmhíniú sa chaoi go n-áirítear caingean den chineál seo a leanas i raon feidhme an Rialacháin – mar aon leis an mbreith bhreithiúnach a dtabharfaí ag deireadh na n-imeachtaí – (i) arna tionscnamh ag Aire Geilleagair agus Airgeadais na Fraince de bhun Airteagal L 442-6, I, 2º (aisghairthe) den Code de commerce français (Cód Tráchtála na Fraince) i gcoinne cuideachta Bheilgeach, (ii) lena lorgaítear dearbhú go bhfuil cleachtais shriantacha ann, ordú go gcuirfear deireadh leo agus ordú go n-íocfadh an té a líomhnaítear a rinne na cleachtais sin fíneáil shibhialta, (iii) ar bhonn na fianaise a fuarthas le linn dó a chumhachtaí sonracha imscrúdaitheacha a fheidhmiú?

(1) IO 2012, L 351, lch. 1.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Landesgericht für Zivilrechtssachen Graz (an Ostair) arna taisceadh an 28 Feabhra 2022 – TLL The Longevity Labs GmbH v Optimize Health Solutions$_{mi}$ GmbH agus BM

**(Cás C-141/22)**

(2022/C 198/37)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesgericht für Zivilrechtssachen Graz

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* TLL The Longevity Labs GmbH

*Cosantóir:* Optimize Health Solutions$_{mi}$ GmbH, BM

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 3(2)(a)(iv) de Rialachán (AE) 2015/2283 (1) a léirmhíniú sa chaoi is gur bia núíosach "plúr ruáin fhásta ag a bhfuil leibhéal ard speirmidín" , a mhéid nár úsáideadh go suntasach san Aontas Eorpach ach plúr ruáin fhásta nach raibh leibhéal ard speirmidín ann mar bhia lena chaitheamh ag an duine roimh an 15 Bealtaine 1997 nó nach raibh stair úsáide sábháilte aige ach ina dhiaidh sin, beag beann ar conas a tharlaíonn sé go bhfuil an speirmidín sa phlúr ruáin fhásta?

2. Más freagra diúltach a thabharfar ar an gcéad cheist: An gcaithfear Airteagal 3(2)(a)(vii) de Rialachán 2015/2283 a léirmhíniú sa chaoi is go n-áirítear sa téarma "próiséas táirgthe" le haghaidh bia próisis táirgthe phríomhúil?

3. Más freagra dearfach a thabharfar ar an dara ceist: An mbraitheann núíosacht próisis táirgthe de réir bhrí Airteagal 3(2)(a)(vii) de Rialachán 2015/2283 ar cé acu ar úsáideadh nó nár úsáideadh roimhe sin an próiseas táirgthe féin le haghaidh bia ar bith nó ar cé acu ar úsáideadh é nó nár úsáideadh é don bhia faoi mheasúnú?

4. Mas freagra diúltach a thabharfar ar an dara ceist: An ionann síol ruáin a phéacadh i dtuaslagán cothaitheach ina bhfuil speirmidín agus próiseas táirgthe phríomhúil le haghaidh planda nach bhfuil feidhm ag reachtaíocht bia ina leith, lena n-áirítear Rialachán 2015/2283, mar ní bia an planda sula mbaintear é (Airteagal 2(c) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 (2))?

5. Mura bhfuil speirmidín nádúrtha nó sintéiseach sa tuaslagán cothaitheach, an ndéanfadh sé sin difear?

(1) Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO 2015 L 327, lch. 1).

(2) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta an dlí bia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO 2002 L 31, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire) a taisceadh an 25 Feabhra 2022 – Hellfire Massy Residents Association v An Bord Pleanála, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Éire, An tArd-Aighne**

**(Cás C-166/22)**

(2022/C 198/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Ard-Chúirt

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Hellfire Massy Residents Association

*Cosantóirí:* An Bord Pleanála, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Éire, An tArd-Aighne

*Páirtithe eile:* Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, An Taisce – the National Trust For Ireland, Save the Bride Otters

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. Is é an chéad cheist:

an mbíonn an éifeacht ag prionsabail ghinearálta dlí AE arna n-eascairt ó thosaíocht dhlíchóras AE nach bhféadfaidh riail nós imeachta inmheánach ina gcaithfidh iarratasóir ag athbhreithniú breithiúnach na forálacha dlí a mhaíomh go sonrach cosc a chur ar iarratasóir a dhéanann agóid faoi chomhoiriúnacht dhlí inmheánaigh le dlí AE arna aithint brath freisin ar agóid bunaithe ar fhoirceadail nó ionstraim dlí ar gá go dtuigfí uathu go bhfuil mianach ábhartha iontu chun dlí AE dá leithéid a léiriú, ar nós an phrionsabail gur cheart dlí comhshaoil AE a léamh in éineacht leis an gCoinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil arna dhéanamh in Aarhus, an Danmhairg an 25 Meitheamh 1998 mar dhlúthchuid de dhlíchóras AE?

2. Is é an dara ceist:

an bhfuil an éifeacht ag Airteagail 12 agus/nó 16 de Threoir 92/43/CEE ([1]) agus/nó na forálacha sin arna léamh in éineacht le hAirteagal 9(2) den Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil arna dhéanamh in Aarhus, an Danmhairg an 25 Meitheamh 1998 agus/nó in éineacht leis an bprionsabal go gcaithfidh ballstáit gach beart speisialta is gá a ghlacadh chun cur chun feidhme éifeachtaí na treorach nach bhféadfaí brath ar riail inmheánach nós imeachta a shainíonn nach foláir d'iarratasóir gan "ceist hipitéiseach" a luadh agus "go mbaineann sé leis i ndáiríre nó go fíorasach" sular féidir leis gearán a dhéanamh maidir le comhoiriúnacht an dlí inmheánaigh le foráil den dlí AE chun agóid arna déanamh ag iarratasóir a bhfuil a chearta chun rannpháirtithe poiblí agartha aige maidir le cinneadh riaracháin agus ar mian leis ansin agóid a dhéanamh maidir le bailíocht fhoráil dlí inmheánaigh trí thagairt don dlí AE in oirchill ar dhamáiste arna dhéanamh don chomhshaol sa todhchaí mar thoradh ar easnaimh arna líomhain sa dlí inmheánach, a bhfuil féidearthacht réasúnta ann go ndéanfaí damáiste dá leithéid sa todhchaí, go háirithe nuair a údaraíodh go mbeadh an fhorbairt i gceantar ar gnáthóg é do speicis atá faoi réir dianchosanta agus/nó mar gheall ar chur i bhfeidhm cur chuige an réamhchúraim tá féidearthacht ann go bhféadfadh go n-éireodh riachtanas chun iarratais ar dhíolúine faoi Airteagal 16 den Treoir as suirbhéanna um iar-thoil?

3. Is é an tríú ceist:

an bhfuil an éifeacht ag Airteagail 12 agus/nó 16 de Threoir 92/43/CEE agus/nó na forálacha sin arna léamh in éineacht le hAirteagail 6(1) agus/nó 9(2) den Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil arna dhéanamh in Aarhus, an Danmhairg an 25 Meitheamh 1998 agus/nó in éineacht leis an bprionsabal go gcaithfidh ballstáit gach beart speisialta is gá a ghlacadh chun cur chun feidhme éifeachtaí na treorach nár chóir do chóras ceadúnais um dhíolúine dá bhforáiltear i ndlí inmheánach chun éifeacht a thabhairt d'Airteagal 16 den Treoir a bheith comhthreomhar le agus neamhspleách ón gcóras um thoiliú maidir le forbairt ach gur chóir dó a bheith mar chuid de phróiseas comhtháite um cheadú a bhfuil cinneadh de chuid údarás inniúil mar chuid de (seachas breithiúnas *ad hoc* arna bhunú ag an bhforbróir féin ar bhonn foráil ghinearálta den dlí coiriúil) maidir leis an gceist ar cheart ceadúnas um dhíolúine a chur i bhfeidhm mar gheall ar chúiseanna arna n-aithint i ndiaidh deonú tola maidir le forbairt agus/nó bainteach le cinneadh arna dhéanamh ag údarás inniúil maidir le cé na suirbhéanna atá riachtanach i gcomhthéacs measúnaithe maidir le cé acu ar ceart nó nach ceart iarratas ar cheadúnas dá leithéid a dhéanamh?

4. Is é an ceathrú ceist:

an é iarmhairt Airteagail 12 agus/nó 16 de Threoir 92/43/CEE agus/nó na forálacha sin arna léamh in éineacht le hAirteagail 6(1) agus/nó 9(2) den Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil arna dhéanamh in Aarhus, an Danmhairg an 25 Meitheamh 1998 i dtaobh forbartha a raibh deonú tola maidir le forbairt faoi réir measúnacht chuí faoi Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE, agus i gcomhthéacs go bhféadfaí díolúine iar-thoil a iarradh faoi Airteagal 16 92/43/CEE, gurb ann do riachtanas ar nós imeachta um rannpháirtíocht phoiblí i gcomhoiriúnacht le hAirteagal 6 de Choinbhinsiún Aarhus?

([1]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

**Achomharc arna tabhairt an 28 Márta 2022 ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Seachtú Dlísheomra) an 19 Eanáir 2022 i gCás T-610/19, Deutsche Telekom AG v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-221/22 P)**

(2022/C 198/39)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe sna himeachtaí**

*Achomharcóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Calleja Crespo, B. Martenczuk, N. Khan, P. Rossi, L. Wildpanner, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Deutsche Telekom AG

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 19 Eanáir 2022 i gCás T-610/19 a chur ar ceal, a mhéid is go gcinneann an Chúirt Ghinearálta i bhfabhar chaingean Deutschen Telekom AG;

— breithiúnas a thabhairt í féin maidir leis na saincheisteanna gan réiteach; nó

— mar mhalairt air sin, a mhéid nach bhfuil cinneadh fós ann ina leith, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, le haghaidh cinneadh nua;

— a ordú do Deutschen Telekom AG na costais go léir sna himeachtaí seo agus sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Go bunúsach, baineann an t-achomharc seo, a bhfuil, dar leis an gCoimisiún Eorpach, tábhacht sáraitheach leis maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Airteagal 266 CFAE, leis an oibleagáid atá ar an gCoimisiún ús mainneachtana ar fhíneáil faoi dhlí na hiomaíochta i gcás ina ndéantar í sin a aisíoc. Tar éis don Choimisiún cinneadh a dhéanamh, d'íoc Deutsche Telekom AG fíneáil faoi Airteagal 102 CFAE, ar bhonn sealadach, i leith mí-úsáid a cheannasachta, ach laghdaigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an fhíneáil sin ina dhiaidh sin ([1]). Déanann an Coimisiún agóid i gcoinne na hoibleagáide a d'fhorchuir an Chúirt Ghinearálta air sa bhreithiúnas faoi achomharc ús mainneachtana a íoc i leith an chuid den fhíneáil le haisíoc, ar ús é atá ina phionós de réir bhrí an chásdlí in *Printeos* ([2]).

Lena chéad saincheist dlí, maíonn an Coimisiún go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid i ndlí agus í ag cinneadh, i gcás inar laghdaigh cúirt an fhíneáil arna forchur faoi dhlí na hiomaíochta, go bhfuil oibleagáid absalóideach agus neamhchoinníollach ar an gCoimisiún, faoi Airteagal 266 CFAE, ús mainneachtana, mar phionós, a íoc le héifeacht ón dáta a íocadh an fhíneáil go sealadach.

Go háirithe, maíonn an Coimisiún mar a leanas:

Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 266 CFAE nuair nár íoc sé ús mainneachtana sa tsuim arna hiarraidh ag Deutsche Telekom AG (an chéad chuid den chéad saincheist dlí).

Tá an breithiúnas faoi achomharc contrártha leis an gcásdlí de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhí ann roimh an mbreithiúnas in *an Coimisiún* v *Printeos* (an dara cuid den chéad saincheist dlí).

Ina theannta sin, rialaítear le reachtaíocht thánaisteach an Aontais an t-ús iníoctha agus breithiúnais á gcur chun feidhme agus ba chóir don Chúirt Ghinearálta an reachtaíocht thánaisteach sin a chur i bhfeidhm nó a dhearbhú go bhfuil sí neamhbhailí (an tríú cuid den chéad saincheist dlí).

Ní chomhlíontar na coinníollacha maidir le caingean le haghaidh dámáistí faoi Airteagal 340 CFAE agus, mar thoradh air sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid i ndlí nuair a bhronn sí ús mainneachtana mar chúiteamh (an ceathrú cuid den chéad saincheist dlí).

Níl mar thoradh ar an éifeacht chúlghabhálach atá ag breithiúnais go mbeadh ús mainneachtana le híoc ón dáta a d'íoc an gnóthas lena mbaineann, ar bhonn sealadach, an fhíneáil (an cúigiú cuid den chéad saincheist dlí).

Tá íocaíocht úis mainneachtana de réir bhrí an bhreithiúnais faoi achomhairc contrártha leis an éifeacht athchomhairleach atá ag fíneálacha (an séú cuid den chéad saincheist dlí).

Lena dara saincheist dlí, maíonn an Coimisiún, i gcás go ndiúltaítear dá chéad saincheist dlí, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid i ndlí nuair a chinn sí gurb é an ráta úis a bhí le híoc ag an gCoimisiún, de réir analaí le hAirteagal 83(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ([3]), ráta athmhaoinithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh móide trí phointe céatadáin go leith.

([1]) Breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *Deutsche Telekom* v *an Coimisiún* (T-827/14, EU:T:2018:930).

([2]) Breithiúnas an 20 Eanáir 2021, *an Coimisiún* v *Printeos* (C-301/19 P, EU:C:2021:39).

([3]) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme do bhuiséad ginearálta an Aontais (IO 2012 L 362, lch. 1).

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 8 Nollaig 2021 (iarraidh ar réamhrialú ón Svea Hovrätt – an tSualainn) – Republiken Italien v Athena Investments A/S (ar a dtugtaí Greentech Energy Systems A/S roimhe seo) agus Páirtithe Eile,**

**(Cás C-155/21)** ([1])

(2022/C 198/40)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

D’ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais go mbainfí an cás ón gclár.

([1]) IO C 206, 31.05.2021

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – MEKH agus FGSZ v ACER**

**(Cásanna uamtha T- 684/19 agus T-704/19)** ([1])

(2022/C 198/41)

*Teanga an cháis: an Béarla agus an Ungáiris*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 406, 2.12.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Nollag 2021 – HB v BEI**

**(Cás T-757/19)** ([1])

(2022/C 198/42)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 222, 6.7.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – An Iodáil v An Coimisiún**

**(Cás T-10/20)** ([1])

(2022/C 198/43)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 68, 2.3.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – BSEF v An Coimisiún**

**(Cás T-113/20)** ([1])

(2022/C 198/44)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 129, 20.4.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Sabra v an Chomhairle**

**(Cás T-249/20)** ([1])

***(An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha i gcoinne na Siria – Reo na gcistí – Earráid measúnaithe – Critéir de mhórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria – Toimhde de cheangal le réimeas na Siria – Toimhde a fhrisnéis)***

(2022/C 198/45)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Abdelkader Sabra (Béiriút, an Liobáin) (ionadaithe: M. Lester, QC, agus A. Bradshaw, Aturnae)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontas Eorpaigh (ionadaithe: T. Haas agus V. Piessevaux, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Iarraidh bunaithe ar Airteagal 263 CFAE agus lena n-iarrtar go ndéanfaí Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/212 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2020 L 43 I, lch. 6), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/211 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2020 L 43 I, lch. 1), Cinneadh (CBES) 2020/719 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2020 L 168, lch. 66), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/716 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2020 L 168, lch. 1), a neamhniú, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/212 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/211 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria, Cinneadh (CBES) 2020/719 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/716 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria, a neamhniú, a mhéid a bhaineann siad le hAbdelkader Sabra.

2) Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

([1]) IO C 215, 29.6.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Márta 2022 – Fidia farmaceutici v EUIPO – Giuliani (IALO TSP)**

**(Cás T-333/20)** ([1])

(2022/C 198/46)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 255, 3.8.2020.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – LA v An Coimisiún**

**(Cás T-456/20)** [1]

(2022/C 198/47)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

(1) IO C 287, 31.8.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Kühne v An Pharlaimint**

**(Cás T-468/20)** [1]

(2022/C 198/48)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

(1) IO C 304, 14.9.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – LD v An Coimisiún**

**(Cás T-474/20)** [1]

(2022/C 198/49)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

(1) IO C 297, 7.9.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Zardini v An Coimisiún**

**(Cás T-511/20)** [1]

(2022/C 198/50)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

(1) IO C 320, 28.9.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Márta 2022 – D & A Pharma v An Coimisiún agus EMA**

**(Cás T-556/20)** [1]

(2022/C 198/51)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

(1) IO C 371, 3.11.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 2 Márta 2022 – Genekam Biotechnology v an Coimisiún**

**(Cás T-579/20)** ([1])

***(Comhaontú deontais arna thabhairt i gcrích mar chuid den seachtú Chláir Réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin (2007-2013) – Tionscadal Fibrogelnet – Éileamh a aisghabháil – Sásra cumhdaigh riosca – Éileamh a aisghabhtar iarbhír ón gciste ráthaíochta – Cinneadh lena mbunaítear oibleagáid airgid infheidhmithe – Airteagal 299 CFAE – Dlínse údar an ghnímh – Deireadh le rannpháirteachas an iarratasóra sa tionscadal – Costais incháilithe – Tuarascálacha agus bunspriocanna inghnóthaithe)***

(2022/C 198/52)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Genekam Biotechnology AG (Duisbourg, an Ghearmáin) (ionadaí: S. Hertwig, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. André, J. Estrada de Solà agus R. Pethke, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Iarraidh bunaithe ar Airteagal 263 CFAE agus ag iarraidh go ndéanfaí Cinneadh C(2020) 5548 críochnaitheach ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 a neamhniú lena bhforchuirtear oibleagáid airgid infhorghníomhaithe i leith an iarratasóra a bhaineann le suim 119,659.55 euro, mar aon leis an ús mainneachtana, a eascraíonn as an deontas a fuair an t-iarratasóir don tionscadal Fibrogelnet

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear leis an achomharc.

2) Ordaítear do Genekam Biotechnology AG na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na himeachtaí ar bhearta idirlinne.

([1]) IO C 414, 30.11.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – NV v eu-LISA**

**(Cás T-661/20)** ([1])

(2022/C 198/53)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 19, 18.1.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – ON v An Coimisiún**

**(Cás T-730/20)** ([1])

(2022/C 198/54)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 44, 8.2.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – OT v An Pharlaimint**

**(Cás T-757/20)** ([1])

(2022/C 198/55)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 62, 22.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – PrenzMarien v EUIPO – Molson Coors Brewing Company (UK) (STONES)**

**(Cás T-766/20)** ([1])

(2022/C 198/56)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 62, 22.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Team Beverage v EUIPO (Beverage Analytics)**

**(Cás T-113/21)** ([1])

(2022/C 198/57)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 128, 12.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Telefónica Germany v EUIPO (LOOP)**

**(Cás T-132/21)** ([1])

(2022/C 198/58)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 148, 26.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Vetpharma Animal Health v EUIPO– Deltavit (DELTATIC)**

**(Cás T-146/21)** ([1])

(2022/C 198/59)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 182, 10.5.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an du 9 Márta 2022 – Lea Nature Services v EUIPO Debonair Trading Internacional (SO…?)**

**(Cás T-196/21)** ([1])

(2022/C 198/60)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 217, 7.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 –Lea Nature Services v EUIPO – Debonair Trading Internacional (SO…?)**

**(Cás T-197/21)** ([1])

(2022/C 198/61)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 217, 7.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Stryker v EUIPO (RUGGED)**

**(Cás T-204/21)** ([1])

(2022/C 198/62)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 217, 7.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Hrebenyuk v EUIPO (Forme d’un col montant)**

**(Cás T-252/21)** ([1])

(2022/C 198/63)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 263, 5.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Nowhere v EUIPO – Ye (APE TEES)**

**(Cás T-281/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh APE TEES – Marcanna fíortha náisiúnta níos luaithe neamhchláraithe ina léirítear moncaí – Foras coibhneasta le diúltú – Airteagal 8(4) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [anois: Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001] – Córas na caingne faoin dlí coiteann maidir le bréagthairiscint (action for passing off) – Comhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as Euratom)***

(2022/C 198/64)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Nowhere Co. Ltd, (Tóiceo, an tSeapáin) (ionadaí: R. Kunze, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Hanf, i gcáil Gníomhaire,)

*Páirtí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Junguo Ye (Elche, an Spáinn)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 10 Feabhra 2021 (Cás R 2474/2017 – 2), maidir le himeachtaí freasúra idir Nowhere Co. agus an tUasal Ye.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Feabhra 2021 (Cás R 2474/2017 – 2) ar neamhní.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do EUIPO na costais a íoc.

([1]) IO C 289 an 19.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – TA v An Pharlaimint**

**(Cás T-314/21)** ([1])

(2022/C 198/65)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 289, 19.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Márta 2022 – Laboratorios Ern v EUIPO – Nordesta (APIAL)**

**(Cás T-315/21)** ([1])

(2022/C 198/66)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 289, 19.7.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Márta 2022 – Ionfarma v EUIPO – LG Electronics (AION)**

**(Cás T-465/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarraidh ar fhocalmharc an Aontais Eorpaigh "AION" – Marcanna fíortha náisiúnta níos luaithe "ION" agus focalmharc níos luaithe "IONFARMA" – Foras coibhneasta maidir le diúltú – Easpa cosúlachta idir na hearraí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 198/67)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ionfarma, SL (Barcelona, an Spáinn) (ionadaí: S. Correa Rodríguez, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: L. Lapinskaite agus J. Ivanauskas, Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* LG Electronics, Inc. (Súl, an Chóiré Theas)

**Maidir le:**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an ceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Bealtaine 2021 (Cás R 2223/2020-4), maidir le himeachtaí freasúra idir Ionfarma agus LG Electronics.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear d'Ionfarma, SL, na costais a íoc.

([1]) IO C 382, 20.9.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Márta 2022 – KI v eu-LISA**

**(Cás T-338/20)** ([1])

(2022/C 198/68)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

([1]) IO C 279 24.8.2020.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 9 Márta 2022 – Kirimova v EUIPO**

**(Cás T-727/20)** ([1])

(2022/C 198/69)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

([1]) IO C 163 3.5.2021.

**Órdú na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2022– Growth Finance Plus v EUIPO (doglover)**

**(Cás T-114/21)** ([1])

(2022/C 198/70)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

([1]) IO C 128 12.4.2021.

---

**Órdú na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2022 Growth Finance Plus v EUIPO (catlover)**

**(Cás T-115/21)** ([1])

(2022/C 198/71)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

([1]) IO C 128 12.4.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Márta 2022 – Thomas Henry v EUIPO**

**(Cás T-220/21)** ([1])

(2022/C 198/72)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

([1]) IO C 217 7.6.2021.

---

**Órdú na Cúirte Ginearálta an 7 Márta 2022 – the airscreen company v EUIPO – Moviescreens Rental (airscreen)**

**(Cás T-382/21)** ([1])

(2022/C 198/73)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

([1]) IO C 329, 16.8.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 1 Márta 2022 – Agreiter agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-632/21)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Athrú ar an údarú margaíochta coinníollach mar tháirge íocshláinte lena úsáid ag an duine do Spikevax, – Vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19 (núicléisíd-modhnaithe) – Easpa suime sa ghníomhú – Easpa sannadh díreach – Easpa sannadh aonair – Neamh-inghlacthacht)***

(2022/C 198/74)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Karin Agreiter (Mérano, an Iodáil) agus na 33 iarratasóir eile a bhfuil a n-ainmneacha san iarscríbhinn a ghabhann leis an Ordú (ionadaí: R. Holzeisen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Haasbeek agus B.-R. Killmann, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Trína n-achomharc bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 5686 críochnaitheach ón gCoimisiún an 23 Iúil 2021 lena leasaítear an t-údarú margaíochta coinníollach mar tháirge íocshláinte lena úsáid ag an duine do Spikevax, – vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19 (núicléisíd-modhnaithe), arna dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 94 críochnaitheach an 6 Eanáir 2021.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an t-achomharc a dhíbhe mar achomharc atá neamh-inghlactha.

2) Ní gá rialú a dhéanamh a thuilleadh ar an iarratas ar idirghabháil arna chur isteach ag Moderna Biotech Spain SL.

3) Ordaítear do Karin Agreiter agus na hiarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha san iarscríbhinn na costais a íoc.

4) Ordaítear do Moderna Biotech Spain a chostais féin a íoc a bhaineann leis an iarratas ar idirghabháil.

(1) IO C 471, 22.11.2021.

---

**Caingean arna tabhairt an 11 Márta 2022 – Deckers Outdoor v EUIPO – Chunxian (TULEUGG)**

**(Cás T-135/22)**

(2022/C 198/75)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Deckers Outdoor Corp. (Goleta, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: A. Improda agus C. Brega, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Guo Chunxian (Mengzhou, an tSín)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh TULEUGG – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 156 704

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 17 Nollaig 2021 i gCás R 412/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus ar ceal;

— agus mar thoradh ar sin, diúltú don iarratas ar chlárú Uimh. 18 156 704 don trádmharc TULEUGG;

— a ordú do EUIPO agus/nó don Uasal Chunxian na costais dlí a bhaineann leis na himeachtaí reatha, chomh maith leis na cinn sin a bhaineann le himeachtaí roimhe seo os comhair an Rannáin Freasúra agus an Cúigiú Bord Achomhairc a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 10 Marta 2022 – Hamoudi v Frontex**

**(Cás T-136/22)**

(2022/C 198/76)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alaa Hamoudi (an Tuirc) (ionadaí: F. Gatta, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta méid EUR 250,000 a íoc leis an iarratasóir mar dhamáistí i leith damáistí neamhábhartha i dtaca le gach ceann den dá chuntar éilimh. Éilíonn an t-iarratasóir cúiteamh, go háirithe:

— don damáiste arna fhulaingt aige mar thoradh ar sháruithe ar a chearta bunúsacha faoi Airteagail 1, 2, 3, 4, 18, 19(1), 19(2) agus 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“CCB”) le linn agus i ndiaidh a ionnarbtha chomhchoitinn a mhair ón 28 go 29 Aibreán sa Mhuir Aeigéach;

— don éagóir ar bhraith sé agus an frustrachas a cuireadh faoi de dheasca gur gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh údar nó comhúdar an ionnarbtha chomhchoitinn ina choinne an 28-29 Aibreán 2020.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur dheonaigh Frontex do sheoladh na mear-idirghabhála teorann “RBI Aegean” de shárú ar Airteagal 46(5) de Rialachán 2019/1896 [1] le hearráid fhollasach measúnaithe, mí-úsáid cumhachta, agus le teipeadh gníomhú le dícheall cuí, agus ar an gcaoi sin, theip air cloí le prionsabal an dea-riarachán. Dheonaigh stiúrthóir feidhmiúcháin Frontex do sheoladh “RBI Aegean” go neamhdhleathach go háirithe, mar shárú ar Airteagal 46(5) de rialachán bunaidh na Gníomhaireachta, lenar theip air a chuid cumhacht lánroghnach a fheidhmiú i dtaobh an imscrúdaithe áirithe ar infheidhmeacht na forála sin ar na cúinsí rí-mhíshocra atá le rialáil. Ina ionad sin, rinne an stiúrthóir feidhmiúcháin earráid fhollasach measúnaithe agus mí-úsáid cumhachta, agus mhainnigh sé a dhualgas gníomhú go dícheallach a chomhlíonadh agus é ag meas nach raibh feidhm ag Airteagal 46(5) do na cúinsí atá le rialáil. Ní bheadh an chéad nó an dara gné den damáiste neamhábhartha tar éis tarlú in éagmais an neamhghnímh neamhdhleathaigh ná iompar inchurtha i leith Frontex.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna Frontex neamhghníomh neamhdhleathach lenar féidir dliteanas neamhchonarthach a thoimhdiú, trí mhainneachtain gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 46(4) de Rialachán 2019/1896, mar shárú ar a oibleagáid dhearfach de réir Airteagal 80 den rialachán sin agus Airteagail 1, 2, 3, 4, 18, 19(1), 19(2) agus 21 de CCB ([2]), prionsabal an dea-riaracháin, agus le mí-úsáid cumhachta agus earráid fhollasach measúnaithe.

   Tá mainnithe go neamhdhleathach ag stiúrthóir feidhmiúcháin Frontex a chuid cumhacht lánroghnach a fheidhmiú maidir le hAirteagal 46(4) de rialachán bunaidh na Gníomhaireachta roimh agus le linn oibríocht frithbheartaíochta an 28-29 Aibreán 2020 agus ina diaidh. Ina ionad sin, rinne an stiúrthóir feidhmiúcháin earráid fhollasach measúnaithe agus mí-úsáid cumhachta, agus mhainnigh sé a dhualgas gníomhú go dícheallach a chomhlíonadh agus é ag meas nach raibh feidhm ag Airteagal 46(5) do na cúinsí atá le rialáil. Ní bheadh an chéad nó an dara gné den damáiste neamhábhartha tar éis tarlú in éagmais na mainneachtana gníomhú ag Frontex a chonspóidtear.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna Frontex gníomh neamhdhleathach lenar féidir dliteanas neamhchonarthach a thoimhdiú, maidir le hoibríocht frithbheartaíochta an 28-29 Aibreán 2020, trí chearta bunúsacha an iarratasóra faoi Airteagail 1, 2, 3, 4, 6, 18, 19(2) agus 21 den CCB a shárú.

   Tá an t-ionnarbadh comhchoiteann mídhleathach faoinar cuireadh an t-iarratasóir an 28-29 Aibreán 2020 inchurtha i leith Frontex, a "fhíorúdar", ó tharla gur cuireadh i gcrích é de réir an Phlean Oibríochtúil don "RBI Aegean", arna dhréachtú ag stiúrthóir feidhmiúcháin Frontex. Ina ionad sin, tabhaíonn Frontax dliteanas bunaithe ar a chuid cabhrach agus a chuid tacaíochta i leith ionnarbtha chomhchoitinn an iarratasóra arna tharlú an 28-29 Aibreán 2020. Ní bheadh an dá ghné den damáiste neamhábhartha tar éis tarlú in éagmais an iompair neamhdhleathaigh inchurtha i leith Frontex.

---

([1]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624.

([2]) IO 2012, C 326, lch. 391.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Márta 2022 – an Ísiltír v an Coimisiún**

**(Cás T-137/22)**

(2022/C 198/77)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ríocht na hÍsiltíre (ionadaithe: M. Bulterman agus J. Langer, Gníomhairí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh ón gCoimisiún le huimhir thagartha Ares (2022) 99942 lena ndiúltaítear d'iarraidh Ríocht na hÍsiltíre ar shíneadh 4 bliana i dteannta riail na dtréimhse 8 mbliana le haghaidh suimeanna a íocadh go míchuí a aisghabháil mar thoradh ar chás FresQ, agus

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar thoimhde mhícheart nach bhfuil an nós imeachta aisghabhála i gcás FresQ tugtha chun críche go fóill.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go gcuireann an Coimisiún an tríú fomhír d'Airteagal 54(2) de Rialachán Uimh. 1306/2013 i bhfeidhm go mícheart a mhéid a dhéanann sé toimhde go bhfuil an bhreis ar an tréimhse 8 mbliana le haghaidh suimeanna a íocadh go míchuí a aisghabháil mar thoradh ar chás FresQ inchurtha i leith na hÍsiltíre.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Márta 2022. – HCP v EUIPO – Timm Health Care (PYLOMED)**

**(Cás T-138/22)**

(2022/C 198/78)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* HCP GmbH (Hannover, an Ghearmáin) (ionadaí: H. Suhren, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Timm Health Care BV (Le Borculo, an Ísiltír)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar chlárú an trádmhairc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "PYLOMED" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 132 059

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 14 Eanáir 2022 i gCás R 814/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Márta 2022 – Landesbank Baden-Württemberg v SRB**

**(Cás T-142/22)**

(2022/C 198/79)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Landesbank Baden-Württemberg (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaithe: H. Berger und M. Weber, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (SRB)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh ón mBord Réitigh Aonair an 15 Nollaig 2021 maidir le ríomh ranníocaíochtaí *ex-ante* le haghaidh 2017 Landesbank Baden-Württemberg leis an gCiste Réitigh Aonair (SRB/ES/2021/82), lena n-áirítear na hiarscríbhinní, a neamhniú;

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

Mar mhalairt air sin, i gcás nach mór don Chúirt Ghinearálta a chinneadh nach bhfuil ann, ó thaobh dlí de, don chinneadh faoi chonspóid mar gheall gur bhain an cosantóir úsáid as an teanga oifigiúil mhícheart agus, dá bhrí sin, go mbeadh an chaingean le haghaidh neamhniú doghlactha ar an bhforas go mbeadh sé gan chuspóir, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach bhfuil ann, ó thaobh dlí de, don chinneadh faoi chonspóid;

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir naoi saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: Leis an gcinneadh, sáraítear Airteagal 81(1) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ([1]) in éineacht le hAirteagal 3 de Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 ([2]) agus prionsabal ginearálta an chomhionannais, mar níl sé sa teanga oifigiúil, an Ghearmáinis, atá le húsáid leis an iarratasóir agus níl sé ag teacht leis an teanga arna húsáid le haghaidh cinntí a bhaineann le hinstitiúidí eile de chuid na Gearmáine.

2. An dara saincheist dlí: Leis an gcinneadh, sáraítear an oibleagáid cúiseanna a thabhairt, a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 296 CFAE agus in Airteagal 41(1) agus (2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") toisc go bhfuil roinnt bearnaí sa réasúnaíocht, go hairithe maidir le húsáid an chosantóra de roinnt cumhachtaí discréideacha a thugtar le dlí, agus níl sé intuigthe ná trédhearcach.

3. An tríú saincheist dlí: Leis an gcinneadh, sáraítear an ceanglas maidir le cosaint éifeachtach bhreithiúnach faoin gcéad mhír d'Airteagal 47 den Chairt mar tá athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh beagnach dodhéanta, agus déantar dochar, dá bhrí sin, do chosaint éifeachtach bhreithiúnach an iarratasóra.

4. An ceathrú saincheist dlí: Leis an dara habairt d'Airteagal 7(4) den Rialachán Tarmligthe ([3]), sáraítear dlí a bhfuil céim níos airde aige mar ligtear leis idirdhealú atá go hoibiachtúil míchuí agus neamhréireach a dhéanamh idir baill de scéim cosanta institiúideach ("IPS") agus ligtear d'ualú coibhneasta táscairí IPS.

5. An cúigiú saincheist dlí: Leis an gcinneadh, sáraítear, *inter alia*, Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([4]) agus an ceanglas maidir le ranníocaíochtaí a ríomh de réir an riosca. mar úsáidtear iolraitheoir de 5/9 do tháscaire IPS i gcás an iarratasóra. Tá idirdhealú idir institiúidí ag leibhéal tháscaire IPS, mar gheall ar an éifeacht chosanta leathan atá ag IPS, ar neamhréir leis an scéim agus treallach.

6. An séú saincheist dlí: Le hAirteagail 6, 7 agus 9 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe, sáraítear dlí a bhfuil céim níos airde aige, go háirithe toisc go sáraítear leo an ceanglas maidir le ranníocaíochtaí a ríomh de réir an riosca, prionsabal na comhréireachta agus an ceanglas maidir le haird a thabhairt ar na fíorais go léir.

7. An seachtú saincheist dlí: Leis an gcinneadh, sáraítear saoirse an iarratasóra chun gnó a sheoladh faoi Airteagal 16 den Chairt agus prionsabal na comhréireachta mar gheall nach bhfuil na hiolraitheoirí coigeartaithe riosca i gcomhréir le próifíl riosca an iarratasóra, ar próifíl é atá níos fearr ná an mheánphróifíl.

8. An t-ochtú saincheist dlí: Leis an gcinneadh, sáraítear Airteagal 16 agus 20 den Chairt, prionsabal na comhréireachta agus an ceart chun dea-riaracháin mar gheall ar earráidí follasacha an chosantóra agus é ag feidhmiú a dhiscréide ar roinnt bealaí.

9. An naoú saincheist dlí: Leis an gcéad agus dara habairt d'Airteagal 20(1) den Rialachán Tarmligthe, sáraítear Airteagal 103(7) de Threoir 2014/59/AE ([5]) agus an ceanglas maidir le ranníocaíochtaí a ríomh de réir an riosca.

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO 2014 L 225, lch. 1).

([2]) Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfidh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 1958 17, lch. 385).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí ex-ante le socruithe maoinithe réiteach (IO 2015 L 11, lch. 44).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO 2013 L 176, lch. 1).

([5]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L 173, lch. 190).

**Caingean arna tabhairt an 17 Márta 2022 – CEDC International v EUIPO – Underberg (Cruth bhrobh féir i mbuidéal)**

**(Cás T-145/22)**

(2022/C 198/80)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir*: CEDC International sp. z o.o. (Oborniki Wielkopolskie, an Pholainn) (ionadaí: M. Fijałkowski, radca prawny (Comhairleoir Dlí))

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Underberg AG (Dietlikon, an Eilvéis)

## Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc tríthoiseach de chuid an Aontais Eorpaigh (Cruth bhrobh féir i mbuidéal) – Iarratas ar chlárú Uimh. 33 266

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 22 Nollaig 2021 i gCás R 1954/2020-5

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní i bpáirt i leith na forais freasúra faoi Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh 207/2009;

— a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc na costais arna dtabhú ag an iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta agus an Bhoird Achomhairc a íoc.

## Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagail 94(1) agus 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gceangal le hAirteagal 8(3) de Rialachán Uimh 207/2009;

— Sárú ar Airteagal 8(3) de Rialachán 207/2009.

---

**Caingean arna tionscnamh an 16 Márta 2022 – Ryanair v an Coimisiún**

**(Cás T-146/22)**

(2022/C 198/81)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir*: Ryanair DAC (Sord, Éire) (ionadaithe: E. Vahida, F.-C. Laprévote, V. Blanc, D. Pérez de Lamo agus S. Rating, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh (AE) an 16 Iúil 2021 maidir le státchabhair SA.57116–COVID-19: Ráthaíocht iasachta stáit agus iasacht Stáit do KLM a chur ar neamhní; agus,

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ar chúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur theip ar an gCoimisiún an tairbhí a shainiú go leordhóthanach trí (i) a mheas gurbh é KLM tairbhí aonair na cabhrach a chuir an Ísiltír ar fáil agus (ii) ag mainneachtain a áirithiú nach bhféadfaí leas a bhaint as an gcabhair a deonaíodh roimhe sin don ghrúpa Air France-KLM nó “éifeacht iarmhartach” do KLM..

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go sáraíonn an cinneadh forálacha sonracha CFAE agus prionsabail ghinearálta Dhlí an AE atá mar bhonn agus thaca ag léirscaoileadh aeriompair an Aontais ó dheireadh na 1980idí (i.e. neamh-idirdhealú, soláthar seirbhísí saor in aisce agus saoirse bunaíochta).

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear gur bhain an Coimisiún Eorpach mí-úsáid as a chumhachtaí agus gur mhífheidhmigh sé Airteagal 107(3)(b) CFAE agus a Chreat Sealadach, trí (i) gan dul i ngleic le suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar na hÍsiltíre agus (ii) mainneachtain éifeachtaí tairbhiúla na cabhrach i gcoinne a éifeachtaí díobhálacha ar dhálaí trádála agus ar chothabháil na hiomaíochta neamhshaofa a mheá (i.e., an “tástáil cothromaíochta”).

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear gur theip an Coimisiún imscrúdú foirmiúil a thionscnamh in ainneoin “deacrachtaí tromchúiseacha” a bheith ann agus gur sháraigh sé cearta nós imeachta an iarratasóra.

5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún a dhualgas cúiseanna a lua de bhun Airteagal 296(2) CFAE.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Márta 2022 – Pinar Kuruyemiş Gida Ve Ihtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret v EUIPO – Yadex International (pinar KURUYEMIŞ)**

**(Cás T-147/22)**

(2022/C 198/82)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Pinar Kuruyemiş Gida Ve Ihtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret AŞ (Karatay/Konya, An Tuirc) (ionadaithe: M. López Camba agus A. Lyubomirova Geleva, dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Yadex International GmbH (Frankfurt am Main, An Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil gnéithe focail pinar KURUYEMIŞ – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 160 742

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 12 Eanáir 2022 i gCás R 1148/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní sa mhéid go gcoinnítear an seasamh le freasúra B 3110022 leis;

— a ordú do EUIPO na costais a thabhaigh an t-iarratasóir a íoc;

— a ordú do Yadex International GmbH na costais a thabhaigh an t-iarratasóir a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 71(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 2018/625 ón gCoimisiún;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Márta 2022 – Pinar Kuruyemiş Gida Ve Ihtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret v EUIPO – Yadex International (pinar KURUYEMIŞ)**

**(Cás T-148/22)**

(2022/C 198/83)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Pinar Kuruyemiş Gida Ve Ihtiyaç Maddeleri Sanayi Ticaret AŞ (Karatay/Konya, An Tuirc) (ionadaithe: M. López Camba agus A. Lyubomirova Geleva, dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Yadex International GmbH (Frankfurt am Main, An Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil gnéithe focail pinar KURUYEMIŞ – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 161 596

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 12 Eanáir 2022 i gCás R 1149/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní sa mhéid go gcoinnítear an seasamh le freasúra B003110050 leis;

— a ordú do EUIPO na costais a thabhaigh an t-iarratasóir a íoc;

— a ordú do Yadex International GmbH na costais a thabhaigh an t-iarratasóir a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 71(1) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 2018/625 ón gCoimisiún;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 21 Márta 2022 – Lilly Drogerie v EUIPO – Lillydoo (LILLYDOO kids)

## (Cás T-150/22)

(2022/C 198/84)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Lilly Drogerie d.o.o. Belgrade (Stari Grad) (Béalgrád, an tSeirbia) (ionadaí: E. Bojinova-Miller, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Lillydoo GmbH (Frankfurt am Main, an Ghearmáin)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an marc LILLYDOO kids – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 495 352

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 11 Eanáir 2022 i gCásanna uamtha R 903/2021-2 agus R 1298/2021-2

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais arna dtabhú ag an iarratasóir i ndáil leis an gcaingean seo a íoc.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tionscnamh an 18 Márta 2022 – General Wire Spring v EUIPO (GENERAL PIPE CLEANERS)

## (Cás T-151/22)

(2022/C 198/85)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* General Wire Spring Co. (McKees Rocks, Pennsylvania, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: E. Carrillo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena sonraítear an tAontas Eorpach maidir leis an bhfocalmharc GENERAL PIPE CLEANERS – Iarratas ar chlárú Uimh. 1 577 530

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc EUIPO an 11 Eanáir 2022 i gCás R 1452/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— chun seasamh leis an gcaingean reatha;

— cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc a chur ar neamhní sa mhéid is go gcuireann sé an t-achomharc arna thaisceadh ag an iarratasóir os a chomhair ar ceal agus sa mhéid agus gur mhainnigh sí cinneadh EUIPO a neamhniú go páirteach maidir le EUTM (IR) Iarratas Uimh. 1 577 530 GENERAL PIPE CLEANERS do na hearraí agóide in aicmí 7 agus 9 a dhiúltú.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Márta 2022 – Volkswagen v EUIPO – XTG (XTG)**

**(Cás T-153/22)**

(2022/C 198/86)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Volkswagen AG (Wolfsburg, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Machei agus G. Orsoni, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* XTG S.A. (Wrocław, an Pholainn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh XTG – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 120 223

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 20 Nollaig 2021 i gCás R 1387/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus, de réir mar a bheidh, don idiragraí costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Márta 2022 – Volkswagen v EUIPO – XTG (XTG)**

**(Cás T-154/22)**

(2022/C 198/87)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Volkswagen AG (Wolfsburg, an Ghearmáin) (ionadaithe: S. Machei agus G. Orsoni, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* XTG S.A. (Wrocław, an Pholainn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh XTG – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 120 217

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 20 Nollaig 2021 i gCás R 1385/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus, de réir mar a bheidh, don idiragraí costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 16 Márta 2022 – Korporaciya "Masternet" v EUIPO – Stayer Ibérica (STAYER)**

**(Cás T-155/22)**

(2022/C 198/88)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ZAO Korporaciya "Masternet" (Moscó, an Rúis) (ionadaí: N. Bürglen, dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Stayer Ibérica, SA (Pinto, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "STAYER" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 498 015

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí le haghaidh neamhniú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 21 Nollaig 2021 i gCás R 931/2021-1

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 23 Márta 2022 – Sanetview v EUIPO – 2boca2catering (Las Cebras)

**(Cás T-159/22)**

(2022/C 198/89)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Sanetview, SLU (Andorra la Vieja, Andóra) (ionadaithe: J. Gallego Jiménez, E. Sanz Valls, P. Bauzá Martínez, Y. Hernández Viñes agus C. Marí Aguilar, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* 2boca2catering, SL (Sevilla, an Spáinn)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil na gnéithe focail "Las Cebras" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 169 269

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 4 Eanáir 2022 i gCás R 1070/2021-5

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— an agóid arna déanamh i gcoinne an mhairc atá faoi chonspóid a dhíbhe, ag glacadh leis go bhféadfadh an dá mharc fhreasúrach cómhaireachtáil go suaimhneach;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc.

### Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b), de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 25 Márta 2022 – Ortega Montero v an Pharlaimint

**(Cás T-161/22)**

(2022/C 198/90)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Maria Del Carmen Ortega Montero (An Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh an 20 Bealtaine 2021 a neamhniú, sa mhéid a diúltaíodh iarratais a bhí leagtha amach i litir ó dhlíodóir an iarratasóra an 19 Eanáir 2021 ag lorg go ndéanfaí an leasú a rinneadh ar rialacha nós imeachta an Choiste Foirne arna nglacadh an 10 Samhain 2020 a neamhniú, mar aon leis an vótáil agus cinntí a glacadh ar bhonn an leagain nua sin de na rialacha;

— an cinneadh an 21 Nollaig 2021 a neamhniú, a mhéid gur diúltaíodh gearán an iarratasóra arna taisceadh leis an 18 Lúnasa 2021 in aghaidh an chinnidh lena ndiúltaíodh a hiarratais a rinneadh i litir an 19 Eanáir 2021;

— na forálacha nua de Rialacha Nós Imeachta 2020 a neamhniú agus go sonrach an leasú a rinneadh ar Airteagal 22 arna ghlacadh an 10 Samhain 2020;

— an vótáil a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn arna ghlacadh de bhun Airteagal 22 nua de na Rialacha Nós Imeachta 2020 a neamhniú agus na cinntí go léir a eascraíodh as, chomh maith le toradh an toghcháin is deanaí;

— an t-ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. Leis an gcéad saincheist dlí, líomhnaítear go raibh neamhdhleathacht ar leasú do Rialacha Nós Imeachta 2020 agus dáta a ghlactha maidin 10 Samhain 2020, ar an bhforas, ar an gcéad dul síos, gur sháraigh an leasú sin *ratio legis* Airteagal 21 de na Rialacha Nós Imeachta agus na prionsabail dhaonlathacha a chosnaítear ann, agus ar an dara dul síos, níor comhlíonadh Airteagal 22 dáta a ghlactha agus a chur i bhfeidhm agus ar deireadh, go raibh soiléireacht dhlíthiúil in easnamh sna téacsanna arna nglacadh.

2. Leis an dara saincheist dlí, líomhnaítear go raibh neamhdhleathacht (*ratione temporis*) ar an vótáil an 10 Samhain 2020 ar bhonn Riail 22 nua de na Rialacha Nós Imeachta, arna reáchtáladh sular tháinig sé i bhfeidhm.

3. Leis an triú saincheist dlí, líomhnaítear go raibh neamhdhleathacht ar teacht i bhfeidhm an nós imeachta i scríbhinn a leanadh maidir leis an vótáil do choistí comhairleacha agus idirinstitiúideacha, agus toscaireachtaí a bhí le cur i bhfeidhm tráthnóna an 10 Samhain 2020.

---

**Caingean arna tabhairt an 24 Márta 2022 OQ v An Coimisiún**

**(Cás T-162/22)**

(2022/C 198/91)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OQ (ionadaithe: N. Maes agus J.-N. Louis, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an chaingean seo a cheadú;

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean inghlactha agus go bhfuil bunús léi;

— an cinneadh a rinne údarás ceapacháin an Choimisiún Eorpaigh an 19 Bealtaine 2021 lena bhforchuirtear pionós araíonachta ar an iarratasóir a chur as oifig gan laghdú ar chearta pinsin a neamhniú;

— an cinneadh a rinne údarás ceapacháin an Choimisiún Eorpaigh an 15 Nollaig 2021 lena ndiúltaíodh gearán an iarratasóra de bhun Airteagal 90(2) de na Rialacha Foirne a neamhniú;

— A ordú don chosantóir costais an iarratasóra don chaingean seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. Leis an gcéad saincheist dlí, líomhnaítear go raibh sárú ar Airteagal 10 d'Iarscríbhinn IX de na Rialacha Foirne, ar an bhforas nach raibh an pionós araíonachta a forchuireadh ar an iarratasóir comhréireach le tromchúis an mhí-iompair, á chur san áireamh na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Airteagal 10 d'Iarscríbhinn IX de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (na Rialacháin Foirne) agus níor cuireadh imthosca maolaitheacha san áireamh.

2. Leis an dara saincheist dlí, líomhnaítear go raibh sárú ar an dualgas maidir le cúiseanna a lua. Áitíonn an t-iarratasóir nár chloígh an Coimisiún le tuairim an Bhoird Araíonachta, a mhol pionós an íslithe céime de réir bhrí Airteagal 9(1)(f) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, gan údar a thabhairt dá chúiseanna le cinneadh difriúil a ghlacadh don chaighdeán dlí is gá.

---

**Caingean arna tabhairt an 29 Máirt 2022 – Saure v an Coimisiún**

**(Cás T-165/22)**

(2022/C 198/92)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hans-Wilhelm Saure (Beirlín, an Ghearmáin) (Ionadaí: C.ºPartsch, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 inar diúltaíodh d'iarratas an iarratasóra chun rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid an Choimisiúin, agus é sin i bhfoirm cóipeanna den chomhfhreagras go léir idir an Coimisiún agus an chuideachta AstraZeneca plc nó a fhochuideachtaí agus den chomhfhreagras idir an Coimisiún agus Seansailéireacht Chónaidhme na Gearmáine nó an Aireacht Chónaidhme Sláinte a bhaineann leis an gcuideachta AstraZeneca plc nó a fhochuideachtaí, ón 1 Aibreán 2020 ar aghaidh, go háirithe maidir leis an líon vacsaínithe Covid-19 arna thairiscint ag AstraZeneca plc agus na hagaí seachadta lena mbaineann, a neamhniú;

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an iarratas, ardaíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí:

1. An chéad saincheist dlí: Tá ceart ag an iarratasóir rochtain a fháil ar na doiciméid de chuid an Choimisiúin Eorpaigh faoi chaibidil sna himeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ([1]). Le diúltú an Choimisiúin, sáraítear an fhoráil sin.

2. An dara saincheist dlí: Níl cosc ar cheart an iarratasóra chun rochtain a fháil mar gheall ar an bhforas eisiata faoin dara fleasc d'Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Tá teorainn ama leis an bhforas eisiata sin agus baineann sé le himeachtaí cúirte atá fós ar bun agus le comhairle amháin. Is cás eile ar fad na himeachtaí i gcoinne AstraZeneca sa Bheilg, ag a bhfuil an uimhir 2021/48C, agus tá clabhsúr curtha leis sin cheana agus breithiúnas tugtha an 18 Meitheamh 2021.

3. An tríú saincheist dlí: Níl cosc ar cheart an iarratasóra chun rochtain a fháil mar gheall ar an bhforas eisiata faoi Airteagal 4(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Tá tosaíocht ag an leas poiblí i ndáil le sonraí pearsanta a phoibliú.

4. An ceathrú saincheist dlí: Níl cosc ar cheart an iarratasóra chun rochtain a fháil mar gheall ar an bhforas eisiata faoin gcéad fhleasc d'Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Níl rúin trádála de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/943 ([2]) san fhaisnéis arna lorg, toisc go bhfuil eolas ann fúthu cheana agus nach bhfuil aon bheart réasúnach ann chun iad a choimeád faoi rún.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO 2001 L 145, lch. 43).

([2]) Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach (IO 2016 L 157, lch. 1).

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Márta 2022– El Corte Inglés v EUIPO – Rudolf Böckenholt (LLOYD'S)**

**(Cás T-400/20)** ([1])

(2022/C 198/93)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Naoú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 262 10.8.2020.

---

**Ordú na Cúirte Ghinearálta an 17 Márta 2022 – Alcogroup agus Alcodis v an Coimisiún**

**(Cás T-740/21)** ([1])

(2022/C 198/94)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

D'ordaigh Uachtarán an Seachtú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 24, 17.1.2022.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA